



Feabhas ar Litearthacht agus Uimhearthacht do Pháistí agus do Dhaoine Óga

Dréachtphlean Náisiúnta ar Mhaithe le Litearthacht agus Uimhearthacht sna Scoileanna a Fheabhsú

SAMHAIN 2010



AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

**Feabhas ar Litearthacht agus Uimhearthacht
do Pháistí agus do Dhaoine Óga**

**Dréachtphlean Náisiúnta ar mhaithe le Litearthacht agus
Uimhearthacht sna Scoileanna a Fheabhsú**

Samhain 2010

CUIREADH ÓN TÁNAISTE

Ba mhaith liom cuireadh a thabhairt daoibh bhur gcion a dhéanamh chun múineadh na litearthachta agus na huimhearthachta dár ndaoine óga a fheabhsú. Is gá do gach duine óg scileanna na litearthachta agus na huimhearthachta a bheith aige. Cuireann na scileanna seo ar a gcumas leas a bhaint as deiseanna foghlama, dul le slite beatha sásúla agus chun cuidiú le agus páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné de chultúr agus de shochaí na tíre. Chun a leas agus a sástacht mar dhaoine óga agus mar aosaigh a chinntiú, caithfimid a dhéimhniú go mbeidh na scileanna croíláir seo ag ár ndaoine óga go léir go dtí an caighdeán is airde gur féidir leo a bhaint amach.

Is fada meas againn in Éirinn ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht sa chóras oideachais, sa chultúr agus sa sochaí go ginearálta agus táimid bródúil as an traidisiún sin. As éachtaí litríochta is mó atá ainm na tíre seo in airde i gcultúr an domhain agus tá cáil dhomhanda freisin ar roinnt Éireannach a rinne obair nuálach i réimse na matamaitice. Is suntasaí fós an meas a bhí riamh ag muintir na hÉireann uile ar an léann. Ní fios cén dua a chuir Éireannaigh orthu féin ó ghlúin go glúin – agus an saol ag breith crua orthu, fiú amháin – chun a dheimhniú go mbainfeadh a gcuid leanaí ardchaighdeán litearthachta agus uimhearthachta amach ar scoil. Tá an tiomantacht seo don fhoghlaim le brath fós sa tír agus tá de thoradh air go bhfuil oideachas maith ar an lucht oibre anseo, rud a chuaigh go mór chun tairbhe don tír le blianta anuas.

Ní oirfeadh, áfach, go mbeimis róshásta linn féin maidir le múineadh agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta sna scoileanna. Tá saol na linne seo ag síorathrú agus tá dúshlán nua roimh scoileanna, roimh theaghlaigh agus roimh phobail na tíre. Tuigimid go mbeidh gá le scileanna níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht amach anseo, i dtreo go bhféadfaidh mic léinn an lae inniu aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh rompu san am atá le teacht. Tá fianaise ag teacht chun cinn, is eagal liom, go bhfuil leanaí áirithe sna scoileanna nach bhfuil scileanna sásúla litearthachta ná uimhearthachta acu. Tá an litearthacht agus an uimhearthacht chomh tábhachtach sin go gcreidim gur gá dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné dár gcóras oideachais chun deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann gach dalta seilbh ar na scileanna seo.

Is gá iarracht mhór náisiúnta a dhíriú ar mhúinteoireacht na litearthachta agus na huimhearthachta a fheabhsú agus tá páirt againn go léir san iarracht sin. Leagann an dréachtphlean seo amach cuid de na céimeanna is tábhachtaí atá le glacadh chun a dheimhniú go mbeidh scileanna litearthachta agus uimhearthachta ar chaighdeán domhanda ag ár ndaoine óga.

Níl sa dréachtphlean seo ach tús – is gá ionchur uaibhse chun an chloch mhullaigh a chur ar an bplean gnímh. Sin é an fáth a bhfuil cuireadh á thabhairt agam daoibh bhur dtuairimí agus bhur moltaí a sholáthar faoin gcaoi is fearr le pleanáil agus dul i mbun gnímh chun múinteoireacht na litearthachta agus na huimhearthachta dár ndaoine óga a fheabhsú. Tá mionsonraí faoin gcaoi le bhur dtuairimí a chur faoi mo bhráid ar fáil ag críoch an doiciméid seo. Cabhróidh na tuairimí agus na moltaí ar fad a gheofar le barr maise a chur ar an bplean náisiúnta chun litearthacht agus uimhearthacht sna scoileanna a fheabhsú.

Ní haon dóichín a bheidh ann an plean a chur i ngníomh agus torthaí níos fearr a fháil dár leanaí agus dár ndaoine óga. Caithfidimid ár gcuid oibre agus ár n-acmhainní a dhíriú ar mhúineadh na litearthachta agus na huimhearthachta agus tosaíocht a thabhairt dóibh uaireanta, thar spriocanna eile.

Beidh mé ag súil le hionchur uaibh faoin bplean seo agus le bheith ag obair as lámha a chéile sa treaniarracht náisiúnta seo chun cabhrú lenár ndaoine óga na scileanna litearthachta agus uimhearthachta atá ag dul dóibh a shealbhú.

Máire Ní Chochláin TD
Tánaiste agus Aire Oideachais

Clár

	Cuireadh ón Tánaiste	3
1	Réamhrá	5
2	Obair Phroifisiúnta Mhúinteoirí agus Chleachtóirí Cúraim Leanaí a Fheabhsú	13
3	Cumas Ceannaireachta Scoile a Neartú	23
4	Ag Tabhairt Tosaíochta do Theangacha, Scileanna, Litearthacht agus Uimhearthacht sna Curaclaim ag Leibhéal Luath-Óige, Bunscoile agus Iar-bhunscoile	27
5	Acmhainní Breise Infhaighte a Dhíriú ar hoghlaimeoirí i mBaol Teipe Leibhéil Leordhóthanacha Litearthachta agus Uimhearthachta a Bhaint Amach	39
6	Ag Cothú Feabhsú Leanúnach i Litearthacht agus Uimhearthacht i Scoileanna	48
7	Ag Cur ar Chumas Tuismitheoirí agus Pobail Tacú le Forbairt Litearthachta agus Uimhearthachta na Leanaí	48
8	Fócas Náisiúnta Comhsheasmhach ar Ord Tosaíochta na Litearthachta agus na hUimhearthachta sa Chóras Oideachais agus níos Faide ar Aghaidh	60
9	Do Chuid Moltaí i Leith Conas Mar is Féidir an Plean Seo a Fheabhsú	66

1 RÉAMHRÁ

1.1 Tá scileanna litearthachta agus uimhearthachta riachtanach

Tá gá ag gach duine óg le scileanna litearthachta agus uimhearthachta. Úsáidimid na scileanna bunúsacha litearthachta agus uimhearthachta i ngach gné den saol, nach mór, gach uile lá, nuair a bhímid i gcumarsáid lena chéile, i scríbhinn (an bealach traidisiúnta) nó ar an idirlíon, nuair a leanaimid comharthaí nó teoracha, nuair atáimid i mbun oibre nó ar ár sáimhín só, nuair atáimid ag iarraidh ciall a bhaint as an lear eolais agus sonraí a fhaighimid sna na meáin, agus nuair atáimid i mbun gnáthchúrsaí an tsaoil.

Is é a bhí i gceist le litearthacht le fada an lá ná scileanna na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta, ach sa lá atá inniú ann, tá i bhfad níos mó ná sin san áireamh. Ciallaíonn litearthacht anois go mbeadh duine in ann cineálacha éagsúla cumarsáide – teanga bhéil, cló, meáin chraolacháin agus meáin digiteacha ina measc – a léamh, a thuiscint agus a mheá. Sa tslí chéanna, tá níos mó ná ábáltacht ar uimhreacha a úsáid i gceist le huimhearthacht; tá ciall níos leithne anois leis an téarmaíocht i.e. ábáltacht ar mhatamaitic a úsáid chun fadhbanna a réiteach agus freagairt do riachtanais an tsaoil ó lá go lá i suímh chasta shóisialta.

Mura bhfuil scileanna litearthachta agus uimhearthachta¹ acu, ní féidir le daoine óga ná leis na haosaigh féin, páirt iomlán a ghlacadh i ngnéithe éagsúla den saol: ní féidir leo tascanna bunúsacha a dhéanamh – ríomhphost a léamh nó a sheoladh, mar shampla; ní thuigeann siad fógraí; ní féidir leo liosta siopadóireachta a bhreacadh, ná bille a thagann sa phost a thuiscint. Tá siad gearrtha amach ó pháirt a ghlacadh sa sochaí agus sa chultúr ina maireann siad agus óna gcion a dhéanamh chun leasa na sochaí sin. Agus, ar ndóigh, ní féidir le daoine óga ná na haosaigh nach bhfuil scileanna sásúla litearthachta agus matamaitice acu páirt iomlán a ghlacadh in oideachas scoile ná i mbreisoideachas nó ardoideachas, agus ní féidir leo dul leis an jab nó leis an slí bheatha ba mhaith leo.

Ní hé an duine aonair amháin atá thíos leis an easpa scileanna litearthachta agus uimhearthachta; táimid go léir sa tsochaí Éireannach thíos leis an tragóid phearsanta seo. Léiríonn an taighde go dtéann máistreacht ar scileanna na litearthachta agus na huimhearthachta i bhfeidhm ar shaol sóisialta, ar thoscaí eacnamaíochta agus ar shláinte an duine aonair agus ar an sochaí go ginearálta freisin. Tá sé riachtanach go mbeadh daoine óga ar fáil ar féidir leo tuiscint mhatamaiticiúil a chur i bhfeidhm ar réimse méadaitheach comhthéacsanna eacnamaíochta, teicniúlachta, eolaíochta, sóisialta agus eile má taimid le fostaíocht a sholáthar agus cúram a dhéanamh de leas eacnamaíoch an tsochaí amach anseo.

¹ Is é a bhí i gceist le litearthacht riamh ná léitheoireacht, scríbhneoireacht, labhairt, breathnú agus éisteacht go héifeachtach i réimse comhthéacsanna. Sa 21ú haois, tá sainmhíniú na litearthachta leathnaithe chun máistreacht sholúbtha inmharthana ar raon cumas a chuimsiú, in úsáid agus i dtáirgeadh téacsanna traidisiúnta agus i nteicneolaíochtaí nua cumarsáide, in achar na teanga labhartha, an chló agus na n-ilmheán. Caitheann mic léinn a bheith in ann úsáid teanga a choigeartú agus a mhodhnú chun déileáil níos éifeachtaí le riachtanais chomhthéacsanna i gcomhthéacsanna agus i suímh éagsúla. Sa phlean seo, tagraíonn litearthacht d'fhorbairt na gcumas seo i gcéad teanga na scoile (L1).

Is é atá i gceist le huimhearthacht ná ábáltacht, muinín agus ullmhaitheacht chun matamaitic a úsáid chun déileáil le riachtanais na foghlama, na scoile, an bhaile, na hoibre, an phobail agus an tsaoil chathartha. Leagann an dearcadh seo ar uimhearthacht béim ar ábharthacht agus ar úsáid na Scileanna nuair atá disciplín na matamaitice á fhoghlaim, agus léiríonn sé an tslí a dtéann an mhatamaitic chun tairbhe na foghlama i ndisciplíní eile.

Leanaí nach dtagann isteach ar léithearthacht, scríbhneoireacht agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach, tá a fhios againn anois gur baolach go bhfágfaidh siadsan an scoil ró-luath, go mbeidh siad gan phost, nó i bpostanna íseal-scíle, go mbeidh fadhbanna sláinte in achar na mothúchán acu agus fadhbanna sláinte coirp chomh maith, nach mbeidh ar a gcumas ioncam sásúil a thuilleamh agus gach seans ann go gcaithfidh siad seal sa phríosún.

Ar na cúiseanna seo ar fad, tá sé ríthábhachtach go mbeadh na scileanna seo a leanas ag gach dalta faoi dheireadh na scolaíochta: uimhearthacht, cumas labhartha, léitheoireachta, scríbhneoireachta agus litrithe ag leibhéal a chuirfidh ar a chumas páirt iomlán a ghlacadh in oideachas, i saol agus i sochaí na hÉireann. Déantar cuid mhaith den fhoghlaim seo sa bhunscoil, ach leanann gnéithe sonracha d'fhorbairt an dalta sa litearthacht agus san uimhearthacht ar aghaidh tríd an tréimhse éigeantach den oideachas dara-leibhéal. I rith na mblianta bunscoile, ní mór luathscileanna sonracha a fhorbairt agus caithfear na scileanna sin a dhaingniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu sa tsraith shóisearach iarbhunscoile nó in ionaid oideachais. Seans go bhfuil míthuiscint ann gur chóir go mbeadh na scileanna litearthachta agus uimhearthachta lánfhorbartha faoi dheireadh na bunscolaíochta. I scoileanna iarbhunoideachais, ní faoi chúram na múinteoirí Béarla, Gaeilge agus Matamaitice amháin atá forbairt na scileanna litearthachta agus uimhearthachta; tá ról tábhachtach ag múinteoirí na n-ábhar iarbhunscoile uile i bhforbairt agus i ndaingniú scileanna na mac léinn in achair na litearthachta agus na huimhearthachta.

1.2 Ní leor 'go maith' feasta

Bhí ardmheas riamh ag muintir na hÉireann ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta. Deineadh sár-iarrachtaí ó ghlúin go glúin chun a dheimhniú go mbeadh deiseanna ag daoine óga léitheoireacht, scríbhneoireacht agus tuiscint ar mhataimic a fhoghlaim. Tá a bhfuil bainte amach in oideachas do dhaoine óga molta go hard agus bhí ról lárnach aige i bhfás eacnamaíoch na tíre agus inár ndul chun cinn san am atá caite.

Bhí rath ar ár n-iarrachtaí san am atá thart, i gcás furmhór na mac léinn; níor chóir, áfach, go mbeimis róshásta linn féin as an méid sin agus a bhfuil de dhúshlán romhainn anois agus san am atá le teacht. Ní mór dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an córas oideachais ag ullmhú daoine óga do na dushláin a bheidh rompu amach anseo, mar chathróirí de chuid na hÉireann, na hEorpa agus an domhain. Mura n-éiríonn linn leibhéal litearthachta agus uimhearthachta a ardú de réir a dtábhachta sóisialta, atá ag síormhéadú, táimid ag dul sa tseans nach mbeidh dóthain scileanna litearthachta agus uimhearthachta ag ár ndaoine óga chun gníomhú go héifeachtach sa sochaí agus riachtanais a n-ionad oibre amach anseo a shásamh. **Tá cur chuige straitéiseach leagtha amach sa doiciméad seo chun torthaí na litearthachta agus na huimhearthachta d'ár bpáistí agus d'ár ndaoine óga a fheabhsú.**

1.3 Tá dúshlán an-mhór romhainn

Is gá go mbeadh scileanna litearthachta agus uimhearthachta ag aos óg na hÉireann atá inchurtha leo siúd atá ag an aos óg sna córas oideachais is fearr ar domhan.

Faoi láthair, is í an Fhionlainn a leagann amach an caighdeán gníomhúcháin i gcúrsaí litearthachta, sa mhéid go mbíonn tús áite i gcónaí aici i measúnuithe idirnáisiúnta. Bíonn Ceanada, An Aistráil agus an Nua-Shéalainn i measc na gcóras oideachais is éifeachtaí chomh maith. D'éirigh go maith le haos óg na hÉireann freisin i dtrialacha idirnáisiúnta cheana, ach tá fianaise ann go bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur ar a gcuid scileanna litearthachta.

De réir na Measúnuithe Náisiúnta ar Léitheoireacht an Bhéarla, mar shampla, níl feabhas ar bith ar scileanna litearthachta daltaí i mbunscoileanna in Éirinn le breis is tríocha bliain anuas. Ábhar buartha faoi leith le tamall anuas is ea an ghnóthachtáil lag sa litearthacht i measc daltaí i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste. Ceann de na príomhaidhmeanna a bhain le tionscnamh DEIS² na Roinne ba ea cabhrú le scoileanna díriú ar ghnóthachtálacha na ndaltaí seo in achar na litearthachta a fheabhsú. Léiríonn luathfhianaise ó mheasúnú ar DEIS go bhfuil céimeanna sonracha chun tosaigh i dtacú le forbairt na litearthachta glactha ag scoileanna áirithe sa scéim. Tá scoileanna eile ann, áfach, nár éirigh chomh maith céanna leo.

Léiríonn fianaise ó chigireachtaí ar bhunscoileanna go bhfuil céatadán sonracha de cheachtanna Béarla nach bufuil sásúil. Deir múinteoirí agus príomhoidí iarbhunscoile go mbíonn leibhéil laga litearthachta mar bhac ar dhul i ngleic le curaclam na hiarbhunscoile agus ar aistriú go réidh go dtí an dara leibhéal. Bíonn fostóirí agus institiúidí tríú-leibhéal ag gearán faoi chaighdeán litearthachta mac léinn ar fhágáil an dara leibhéal dóibh.

Tá na ceisteanna seo go léir ag teacht chun cinn ag an bpointe ag a bhfuil ár dtuiscint ar litearthacht ag forbairt, cineálacha nua teicneolaíochta a gcuimsiú inti agus tábhacht níos mó ná riamh le scileanna litearthachta a shealbhú. Tá céimeanna a bhfuil cuspóirí cinnte leo á nglacadh ag tíortha éagsúla chun torthaí litearthachta a fheabhsú dá n-aos óg agus tá spriocanna leagtha amach ag an gComhaontas Eorpach chun leibhéil litearthachta agus uimhearthachta níos airde a sholáthar do shaoránaigh uile an Chomhaontais faoin mbliain 2020. Is léir go gcaithfidimid gach dícheall a dhéanamh chun torthaí litearthachta a fheabhsú don aos óg in Éirinn i dtreo go mbeidh lucht scoile sa tír seo in ann déanamh chomh maith ceanna ar a laghad leis na mic léinn is fearr gníomhúchán i dtíortha forbartha eile.

Trí mhúineadh na matamaitice sa bhunscoil agus san iarbhunscoil, is mó a fhorbraítear uimhearthacht, ach, gan dabht ar bith, ní hí sin an t-aon slí amháin a ndéantar é. Ní mór níos mó aire a dhíriú ar mhúineadh na matamaitice ná ar mhúineadh na litearthachta in Éirinn. Is léir ar shuirbhéanna ar ghnóthachtáil sa mhatamaitic ag leibhéal na bunscoile agus ar phatrúin pháirtíochta agus gnóthachtála sna scrúduithe Stáit agus i suirbhéanna idirnáisiúnta go bhfuil fadhbanna ag baint leis an gcóras oideachais sa mhatamaitic; caithefear díriú ar na

² DEIS – Delivering Equality of Opportunity in Schools – plean gnímh na Roinne chun daltaí uile na tíre a chuimsiú sa chóras Oideachais

fadhbanna sin. Léiríonn measúnú i ndiaidh a chéile ag leibhéal na bunscoile, mar shampla, gnóthachtáil lag i réimsí ar nós réiteach fadhbanna agus i gcúrsa tomhais. Ag leibhéal na hArdteistiméireachta, ní dhéanann ach thart ar 16 faoin gcéad de na mic léinn an tArdleibhéal, céatadán atá seasmhach le roinnt blianta anuas, cé go raibh sé mar aidhm le siollabas na hArdteistiméireachta sa Mhatamaitic go ndéanfadh 30 faoin gcéad nó mar sin an tArdleibhéal. Tá athruithe bunúsacha á ndéanamh cheana féin ar an gcuraclam, ar an measúnú, ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na matamaitice tríd an tionscnamh *Project Maths*, ach tá gá le leasuithe ar fud an chórais chun an tslí a thugann mic léinn faoin Mhatamaic agus faoi mar a shealbhaíonn siad scileanna uimhearthachta.

Ní mór don chóras oideachais fócas a athdhíriú ar fhorbairt na gcoincheapa agus na scileanna is ga chun bunsraith daingean a leagan d'fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear am agus acmhainní a sholáthar chun a dheimhniú go bhfaighidh ár ndaoine óga uile máistreacht ar na coincheapa agus ar na scileanna atá riachtanach don léitheoireacht agus don mhatamaitic. Agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá sa tír faoi láthair, beidh athrú ar thosaíochtaí i gcúrsaí caiteachais i gceist anseo agus caithfear a dheimhniú go bhfaighimid na torthaí is fearr is féidir as na hacmhainní airgid agus na hacmhainní daonna atá ar fáil. Ciallóidh sé freisin go gcaithfear roghanna diana a dhéanamh: caithfear feabhsú na litearthachta agus na huimhearthachta a chur chun tosaigh ar chúrsaí tábhachta inmhianaithe eile nach bhfuil chomh riachtanach céanna ar deireadh thiar.

1.4 Spriocanna a leagan amach don méid ba mhaith linn a bhaint amach

Léiríonn an taithí idirnáisiúnta go follasach gur gnó rídheacair é córas oideachais ar bith a athrú agus gur próiseas an-mhall é. Taispeánann an taithí freisin gur gá:

- spriocanna uailmhianacha, ach atá realaíoch freisin, a leagan amach
- na céimeanna is gá chun na spriocanna sin a bhaint amach, a aithint
- an tacaíocht is gá chun na spriocanna a bhaint amach, a sholáthar
- monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna
- na spriocanna a athrú ar bhonn taithí
- fócas buan a choinneáil ar shroicheadh na spriocanna.

Is gá dúinn an cur chuige seo a ghlacadh, ní hamháin ag an leibhéal náisiúnta, ach ag leibhéal na scoile agus ag leibhéal an rangsheomra. Tá sé léirithe go follasach ag feidhmiú na straitéise DEIS le trí bliana anuas gur gá tiomantacht scoile uile chun cúrsaí a athrú agus a fheabhsú agus go bhfuil páirt lárnach ag gach múinteoir san athrú. Spriocanna réalaíocha a leagan amach agus monatóireacht chórasach ar dhul chun cinn a dhéanamh ag leibhéal na scoile agus coigeartú a dhéanamh de réir na fianaise a bhailítear, is gnéithe tábhachtacha iad sin de phróiseas feabhais.

1.5 Spriocanna chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú

Caithfimid é a chur romhainn múineadh agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta i scoileanna na hÉireann a fheabhsú sa tréimhse 2011-2020. Beidh sé d'aidhm againn:

- Cumas daltaí i dtréimhse cúraim agus oideachas luath-óige sa teanga labhartha a fheabhsú trí shonraí bunaidh ó thrialacha a úsáid chun spriocanna foghlama a phleanáil
- A chinntiú go leagann scoileanna spriocanna amach atá réadúil ach dúshlánach, go ndéanann siad monatóireacht ar an dul chun cinn ar mhaithe le scoileanna litearthachta agus uimhearthachta a gcuid mac léinn a chur chun cinn
- An céatadán de dhaltaí bunscoile atá ag gníomhú ag Leibhéal 3 agus Leibhéal 4 (na leibhéil is airde) sa Mheasúnú Náisiúnta ar Léitheoireacht an Bhéarla agus sa Mheasúnú Náisiúnta ar Mhatamaitic, a ardú faoi chúig faoin gcéad ar a laghad i Rang 2 agus i Rang 6 faoin mbliain 2020
- An céatadán de dhaltaí atá ag gníomhú ag, nó faoi bhun, Leibhéal 1 (an leibhéal is ísle) sa Mheasúnú Náisiúnta ar Léitheoireacht an Bhéarla agus sa Mheasúnú Náisiúnta ar Mhatamaitic, a íslíú faoi chúig faoin gcéad faoin mbliain 2020
- An céatadán de na daltaí a ghnóthaíonn Grád C nó os a chionn sa scrúdú Matamaitice Gnáthleibhéil ag deireadh na Sraithe Sóisearaí (i.e. An Teastas Sóisearach nó a choibhéis) a ardú ó 77 faoin gcéad go 85 faoin gcéad faoin mbliain 2020
- An céatadán de na daltaí a thógann an tArdleibhéal sa scrúdú Matamaitice ag deireadh na Sraithe Sóisearaí (i.e. An Teastas Sóisearach nó a choibhéis) a ardú go 60 faoin gcéad faoin mbliain 2020
- An céatadán a thógann an tArdleibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta a ardú go 30 faoin gcéad faoi 2020
- An Measúnú Náisiúnta ar Léitheoireacht an Bhéarla agus ar Mhatamaitic a shíneadh chun gníomhú daltaí i Rang 4 sa bhunscoil agus ag deireadh Bliain 2 san iarbhunscoil a mheas
- Na sonraí Mheasúnú Náisiúnta ar Léitheoireacht an Bhéarla agus ar Mhatamaitic a úsáid chun leibhéal na gnóthachtála faoi láthair a fháil amach agus spriocanna réalaíocha feabhais a leagan amach, ar nós na spriocanna a leagadh amach ag leibhéal na bunscoile
- Cultúr na léitheoireachta a fheabhsú i measc leanaí agus daoine óga
- Dearcadh níos dearfaí i leith na matamaitice a chothú i measc leanaí agus daoine óga.

Déanfaimid athbhreithniú eatramhach ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna seo faoin mbliain 2016 agus foilseoidimid torthaí an athbhreithnithe eatramhaigh sin.

1.6 A bhfuil le déanamh chun na spriocanna seo a bhaint amach

Léiríonn ár dtaithí ar ár gcóras scoile féin agus an méid atá le foghlaim ó thíortha eile go mbeidh gá le hiarracht chuimsitheach chomhtháite chun na spriocanna dushlánacha atá leagtha amach againn a bhaint amach.

Caithfimid fócas buan a dhíriú ar dhul chun cinn gach dalta agus ar fheabhsú na scileanna croíláir teanga agus uimhearthachta ag gach céim den chóras oideachais.

Caitfimid a chinntiú go dtugann múinteoirí uile tús áite do scileanna teanga, litearthachta agus uimhearthachta sna hábhair agus sna cláir a mhúineann siad agus go ndéanann siad comhtháthú idir mhúineadh na litearthachta agus uimhearthachta trasna gnéithe uile an churaclaim, rud a fhágann go gcaithfear -

- **cleachtas proifisiúnta múinteoirí agus cleachtóirí cúraim leanaí agus oideachas luath-óige a fheabhsú** maidir le múineadh na litearthachta agus na huimhearthachta, maidir le spriocanna a leagadh amach, measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus maidir le torthaí an mheasúnaithe a úsáid agus an chéad chéim eile san obair a pleanáil d'fhoghlaiméoirí ag leibhéil na luath-óige, na bunscoile agus na hiarbhunscoile
- **tógáil ar chumas na ceannaireachta scoile** feabhsú na litearthachta agus na huimhearthachta a stiúru agus chun tacú le múinteoirí ina n-iarrachtaí ar chaighdeán litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú
- **tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt scileanna teanga, litearthachta agus uimhearthachta ag leibhéil na luath-óige, na bunscoile agus na hiarbhunscoile**
- **brú a choinneáil ar sholáthar acmhainní breise** chun deiseanna feabhsaithe foghlama a chur ar fáil do dhaltaí ó na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus a ngnóthachtáil a fheabhsú dá réir sin
- **cultúr feabhais leanúnaigh a chothú i scoileanna** trí fheabhsú bunúsach a dhéanamh ar mheasúnú agus ar thuairisciú ar dhul chun cinn ag leibhéil an dalta, na scoile agus an náisiúin agus trí féin-mheasúnú scoile agus cigireacht scoileanna a dhíriú ar litearthacht agus ar uimhearthacht
- **cabhrú le tuismitheoirí agus le pobail tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta a gcuid leanaí** trí pháirtíocht na dtuismitheoirí san foghlaim a dhéanann na leanaí a éascú, trí thacú leo an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na leanaí a thuiscint agus trí fheasacht an phobail uile a chothú faoin ról is féidir a bheith ag an bpobal, ag an gclann agus ag an scoil i gcothú na foghlama rathúla

- **fócas leanúnach a choinneáil, ag leibheal an chórais, ar thosaíocht a thabhairt don litearthacht agus don uimhearthacht sa chóras oideachais agus thairis sin**, trí ghrúpa feidhmiúcháin ard-leibhéil a bhunú chun feidhmiú an phlean seo a chur chun cinn, chomh maith le fóram comhairleach a thabharfaidh comhairle faoi fhorbairt agus feidhmiú na bpleananna.

2. OBAIR PHROIFISIÚNTA MHÚINTEOIRÍ AGUS CHLEACTÓIRÍ CÚRAIM LEANAÍ A FHEABHSÚ

2.1 Oideachas agus foghlaim a fheabhsú trí chleachtas proifisiúnta múinteoirí agus cleachtóirí cúraim leanaí a fheabhsú

Tá fianaise láidir ann, má dhírítear fócas ar lucht múinteoireachta ar ardchaighdeán a fhorbairt laistigh de chnámhlach chinnireacht téagartha scoile, go mbíonn tionchar dearfach aige sin ar ghnóthachtáil leanaí sa litearthacht agus san uimhearthacht. Léiríonn taighde idirnáisiúnta go mbíonn tionchar fíorthábhachtach ag roinnt áirithe tosaí ar fheabhas na gairme múinteoireachta:

- Na mic léinn is fearr a roghnú chun cúrsaí oideachais tosaigh don mhúinteoireacht agus cúrsaí oideachais do chleachtóirí cúraim leanaí a dhéanamh
- Deimhin a dhéanamh de go bhforbraíonn cúrsaí oideachais tosaigh don mhúinteoireacht eolas agus tuiscint na mac léinn agus go gcuirtear ar a gcumas teoric agus cleachtadh an oideachais a chur i bhfeidhm go héifeachtach
- Dianmheasúnú a dhéanamh ar na múinteoirí óga i ndeireadh an chúrsa oideachais tosaigh don mhúinteoireacht, i scrúduithe agus i geleachtadh múinteoireachta araon
- Córais théagartha a sholáthar chun tacú le forbairt bhreise múinteoirí nua-cháilithe agus iad ag dul i mbun a ngairme múinteoireachta
- Deiseanna d'fhorbairt leanúnach phroifisiúnta ar ard-chaighdeán a sholáthar do mhúinteoirí chun cabhrú leo snas a choinneáil ar a dtuiscint agus ar a scileanna múinteoireachta agus iad a fheabhsú, agus é a bheith d'iallach ar mhúinteoirí cúrsaí forbartha profisiúnta le linn a ngairme múinteoireachta.

2.2 Forbairt phroifisiúnta mhúinteoirí sa litearthacht agus san uimhearthacht

Bhí sé d'ádh orainn in Éirinn riamh gur éirigh linn daoine óga ard-cháilithe a earcú do ghairm na múinteoireachta, tá obair na múinteoirí Éireannacha molta go hard agus tá tuarastail mhaithe ag múinteoirí in Éirinn de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta. Bunú na Comhairle Oideachais le blianta beaga anuas agus an obair atá tosaithe ag an gComhairle sin ar chreidiúnú chláracha oideachais tosaigh don mhúinteoireacht, is mór is fiú na céimeanna sin chun tosaigh agus é d'acmhainn shonrach iontu gairm na múinteoireachta a fheabhsú.

Ní féidir glacadh leis, áfach, go bhfuil gach aon mhúinteoir in Éirinn cumasach i gcúrsaí litearthachta agus uimhearthachta, ná go ndéanann siad nuashonrú ar a scileanna san achar seo. Sa Mheasúnú Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i 2009 bhí 60% de na daltaí i Rang 2 á múineadh ag múinteoirí a

thuiriscigh go raibh siad *cuíosach muiníneach* nó *gan a bheith rómhúinéach* maidir le matamaitic a mhúineadh do dhaltaí lag-ghnóthachtála.

Tá difríochtaí sonracha idir sholáthróirí oideachais tosaigh don mhúinteoireacht in Éirinn maidir le forbairt scileanna na múinteoirí óga in achar na litearthachta agus na huimhearthachta, go háirithe ó thaobh an méid ama a chaitear ar an ngné seo d'fhorbairt mhúinteoirí. Is féidir, mar shampla, cáilíocht B Ed (do bhunmhúinteoirí) a fháil i gcoláistí áirithe gan aon dianmhodúl a chríochnú dírithe ar mhúineadh na litearthachta agus na huimhearthachta. De réir taighde a rinneadh le déanaí, níl ach lag-chumas matamaitice ag roinnt mhaith de na fochéimithe atá ag dul i mbun oideachais tosaigh don mhúinteoireacht, ag leibhéal na bunscoile.

Forbairt dhearfach is ea bunú na sainchúrsaí in oideachas matamaitice do mhúinteoirí iarbhunscoile, ag leibhéal na hollscoile. Déanann furmhór na múinteoirí iarbhunscoile cúrsa iarchéime naoi mí, bunaithe san ollscoil; cúrsa oideachais tosaigh sa mhúinteoireacht é seo. Ní féidir leis an gcúrsa seo furmhór mór na múinteoirí iarbhunscoile a ullmhú mar is cuí chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta a mhúineadh dá gcuid daltaí, nó na scileanna sin a fhorbairt sna daltaí a bhfuil scileanna bunúsacha cheana acu, nó chun múineadh na litearthachta agus na huimhearthachta a chuimsiú trasna an churaclaim.

Tá dúshlán shuntasacha romhainn maidir le breisoiliúint a chur ar an bhfoireann oibríonn lenár leanaí ogá san earnáil chúram leanaí agus luath-oideachais (ECLLO). Tá an méid seo léirithe arís agus arís eile sa taighde freisin. Daltaí trí-bliana nó ceithre-bliana d'aois a bhíonn ag freastal ar réamhscoileanna ar ardchaighdeán, is fear a éiríonn leo, de réir na taighde, sa bhunscoil agus níos déanaí, i gcúrsaí acadúla agus i gcúrsaí sóisialta. Daltaí ar baolach go dteipfidh orthu ar scoil, tá tionchar mór ag caighdeán an réamh-oideachais a fuair siad orthu. Tá dhá chreat anois ann chun tacú le cúram agus oideachas luath-óige – *Síolta*, an chreat chaighdeán agus *Aistear*, an chreat churaclaim. Tá de thoradh ar sholáthar na gcreat seo agus ar an bhfócas breise ar oiliúint agus cáilíochtaí i rannóg an oideachais luath-óige, chomh maith le soláthar na bliana réamhscolaíochta saor in aisce, go bhfuil deiseanna nua ann chun díriú ar lithearthacht agus ar uimhearthacht sna suímh uile luathoideachais.

Is cosúil go bhfuil cláracha oideachais luath-óige a bhfuil cleachtóirí cúraim leanaí oile ina mbun níos éifeachtaí ná na cláracha eile, ní nach ionadh. Gealltanas rí-thabhachtach an Rialtais is ea breisoiliúint na n-oibreoirí, agus is riachtanas éigeantach cáilíochta mar chuid de sheoladh soláthar réamhscolaíochta do chách ná go gcaithfidh cáilíocht íosta Leibhéal 5 NFQ a bheith ag cinnirí réamhscoileanna i gcúram leanaí agus luath-oideachas faoi 2010. Beidh soláthar foghlaim solúbtha a chomhlíonann riachtanais an fhórsa oibre mar dhúshlán do sholáthróirí atá maoinithe ag an Stát nó go príobháideach.

Tiocfaidh dúshlán eile chun cinn nuair a thugtar *Aistear* isteach i ranganna naíonán agus le himeacht ama go dtiocfaidh sé i bhfeidhm in áit an churaclaim atá ann faoi láthair do naíonáin. Déanfar a thuilleadh plé ar an athrú seo sa churaclam, i gCaibidil 4; is fiú a lua anseo, áfach, go n-éireoidh riachtanais fhorbartha phroifisiúnta i measc múinteoirí naíonán as an athrú go h*Aistear*. An fócas atá in *Aistear* ar chumarsáid, ar eolas a chuardach dóibh féin, agus ar mhachnamh, agus an ról atá ag an imirt mar

bhunsraith don litearthacht agus don uimhearthacht, cuirfidh sin ionadh ar roinnt mhaith múinteoirí atá ag obair le ranganna naíonán faoi láthair.

Caithfear soláthar chúrsaí dírithe ar fhorbairt leanúnach phroifisiúnta a fheabhsú agus caithfidh múinteoirí in achar na litearthachta agus na huimhearthachta freastal go rialta ar na cúrsaí sin. De réir an tsuirbhé ar mhúinteoirí mar chuid de na Measúnuithe Náisiúnta ar Léitheoireacht an Bhéarla agus ar Mhatamaitic in Éirinn i 2009, bhí suas le trian de na daltaí á múineadh ag múinteoirí bunscoile nach raibh páirteach i bhforbairt phroifisiúnta de shaghas ar bith don Bhéarla ná don Mhatamaitic sna trí bliana sula ndearnadh an suirbhé. Sa chomhthéacs seo, is ábhar imní é, le blianta beaga anuas, nach mbíonn ach fíorbheagán de na cúrsaí samhraidh a bhíonn dírithe ar bhunmhúinteoirí, a mbíonn baint acu le múineadh na léitheoireachta / an Bhéarla ná na huimhearthachta.

Is léir ar an méid sin thuas go bhfuil scóip shonrach ann chun feabhas a chur ar earcú, ar oideachas agus ar fhorbairt leanúnach phroifisiúnta múinteoirí in achair an oideachais litearthachta agus uimhearthachta.

2.3 Topaicí lárnacha i bhforbairt phroifisiúnta mhúinteoirí

Is féidir leas a bhaint as taithí idirnáisiúnta chun na gnéithe sin den fhorbairt phroifisiúnta is fearr a thacóidh le múineadh na litearthachta agus na huimhearthachta, a aithint. Is léir ar athbhreithniú ar straitéisí litearthachta ó thíortha eile go gcaithfidh múinteoirí tuiscint a bheith acu ar an éagsúlacht is gnách a bheith sa chleachtadh múinteoireachta agus foghlama, ach go bhfuil straitéisí áirithe i gcroílár na hoibre.

Leagtar béim láidir freisin i bpolasaithe tíortha eile lena chinntiú go dtuigeann múinteoirí an próiseas faoina sealbháitear luath léitheoireacht agus na scileanna léitheoireachta a fhorbraítear agus a dhaingnítear ina dhiaidh sin. Díríonn na modhanna a úsáidtear ar léirmhúineadh struchtúr agus feidhmeanna na teanga scríofa agus labhartha, leagann siad béim ar mhúineadh na mblocanna tógala den léitheoireacht: aithint litreach agus siombail; rialacha faoi litreacha agus a bhfuaimheanna (feasacht fóinéimeach agus eolas fóineolaíoch) aithint focail iomláin agus an cumas brí a dhíorthú ó theacs.

Spreagann idirbhálacha sa litearthacht agus uimhearthacht araon múinteoirí a gcleachtas sa rangsheomra a chur ar chomhréim le curaclaim seachas téacsleabhair ná claracha léitheoireachta. Déanann siad iarracht múinteoirí a chur ar an eolas faoi na hidirghabhálacha éagsúla is féidir a úsáid chun tacú le foghlaimoirí a bhfuil fadhbanna acu agus bíonn béim freisin ar mhúineadh scileanna litearthachta agus uimhearthachta ar fud an churaclaim. Tá sé tábhachtach chomh maith múinteoirí a chumasú chun aiseolas a thabhairt do pháistí ar a ndul chun cinn agus chun moltaí soiléire a thabhairt dóibh faoi na céad céimeanna eile lena gcuid foghlama a fheabhsú. Leagann stráiteisí rathúla béim ar an tábhacht a bhaineann le difreálú i bpleanáil le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta agus i rianú agus meastóireacht a dhéanamh ar thaithí foghlama scoláirí.

Tugann na polasaithe i go leor tíortha suntas don ghá aire a dhíriú san oiliúint thosaigh agus ina dhiaidh sin ar úsáid sonraí gníomhúcháin chun tosaíochtaí agus plean gnímh a leagan amach don soláthar agus na torthaí a mbeifear ag súil leo sa litearthacht agus san uimhearthacht, agus aire a dhíriú freisin ar rianú agus ar fheabhsú gnóthachtaí daltaí aonair agus grúpaí atá ag gníomhú faoi bhun a gcumais. Is gá d'oiliúint éifeachtach tosaigh agus ina dhiaidh sin a chinntiú go sealbhaíonn múinteoirí tuiscint fhóna ar an eolas seo ar fad agus go bhforbraíonn siad a gcuid scileanna é a chur i bhfeidhm agus iad ag múineadh.

2.4 Príomhról na Comhairle Múinteoireachta

Comhlacht gairmiúil don mhúinteoireacht in Éirinn is ea an Chomhairle Mhúinteoireachta, a cuireadh ar bun chun an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, chun forbairt ghairmiúil na múinteoirí a chur chun cinn agus chun rialú a dhéanamh ar cháilíochtaí sa ghairm. Is suntasach an ról atá ag an gComhairle Mhúinteoireachta i nglacadh le agus i bhfeabhsú cáilíocht an teagaisc. Feidhmíonn an Chomhairle laistigh de chreat beartais níos leithne leagtha amach ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Faoi láthair, baineann cuid mhór d'obair na Comhairle le forbairt dréachtphlean ar an gcontanam um oideachas na múinteoirí. Déanfar an obair luachmhar seo, atá á cur ar an eolas ag taighde, dea-chleachtas i dtíortha eile agus taithí na Comhairle go dtí seo ag eascairt ón athbhreithniú agus creidiúnú dá cuid ar chúrsaí um oideachas múinteoirí in Éirinn, a fhoilsiú go luath. Leagfaidh polasaí na Comhairle amach conas a dhéanfar gnéithe uile de chuid an chontanaim um oideachas múinteoirí – forbairt ghairmiúil leanúnach, ionduchtú agus oideachas bunaidh na múinteoirí – a chomhtháthú, a fhorbairt agus a fheabhsú sna blianta romhainn amach. Tá teagmháil leanúnach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an gComhairle i ndáil leis an tasc tábhachtach seo agus tá eolas faighte ag an gcáipéis seo ó na díospóireachtaí úd. Is mór an fáilte atá roimh na moltaí ag eascairt ó bhreithniúcháin na Comhairle agus soláthróidh siad bonn láidir le haghaidh na forbairtí a bhfuil gá leo chun forbairt agus feabhsú a dhéanamh ar scileanna na múinteoirí i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta.

Soláthraíonn an tréimhse forbartha agus athraithe in oideachas agus forbairt ghairmiúil múinteoirí atá romhainn amach deis iontach chun a chinntiú go soláthraímid múinteoirí leis na scileanna agus leis an bhfeasacht a bhfuile gá acu leo chun scileanna bunúsacha na litearthachta agus na huimhearthachta a theagasc sna slite is féidir ar féidir. Comhoibreoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna go dlúth leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun tacú le cur chun feidhme polasaí na Comhairle agus scileanna gairmiúla feabhsaithe i measc múinteoirí.

2.5 Gníomhartha ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus oideachas múinteoirí

Cinnteoimid go dtugtar tús áite d'fhorbairt agus d'fheabhsú scileanna na múinteoirí i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú na litearthachta agus na huimhearthachta:

<p>Comhoibreoidh an tAire leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun cáilíochtaí nua, níos airde a leagadh i riachtanais iontrála i ndáil le hoideachas tosaigh múinteoirí (ITE), lena n-áirítear caighdeáin níos airde sa litearthacht agus san uimhearthacht</p>	
<ul style="list-style-type: none"> Athruithe a aithint i ndáil le riachtanais iontrála ITE a thacóidh le béim athnuaite ar litearthacht agus uimhearthacht, lena n-áirítear i gcás na bunmhúinteoireachta ardú féideartha na ngrád íosta gnóthaithe sa mhatamaitic 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS agus an Chomhairle Mhúinteoireachta i gcomhar le soláthraithe ITE</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> An bhliain acadúil 2012-13</p>
<p>Comhoibreoidh an tAire leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun athchumrú a dhéanamh ar ábhar agus ar fhad na gcúrsaí um oideachas tosaigh múinteoirí (ITE) do bhunmhúinteoirí chun forbairt ar scileanna na múinteoirí a chinntiú i ndáil le teagasc na litearthachta agus na huimhearthachta</p>	
<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go bhfuil sé mar aidhm ag na cúrsaí ITE cleachtóirí machnamhacha a sholáthar a bhfuil sé ar a gcumas tabhairt faoi rannpháirtíocht leanúnach le taighde agus cleachtas éiritheach sna réimsí i leith sealbhú litearthachta agus uimhearthachta Fad an chláir BEd don bhunmhúinteoireacht a leathnú go clár, le comhiomlán bliana amháin mar thaithí na forbartha gairmiúil scoil-bhunaithe A chinntiú go soláthraíonn cláir ITE do bhunmhúinteoirí go leor ama chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint agus cumas na n-ábhar múinteoirí feasacht reatha a chur chun feidhme i ndáil le réimsí cosúil le foghlaim na leanaí, sealbhú teanga, teagasc agus foghlaim na litearthachta agus na 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an tÚdarás Ardoideachais i gcomhar le soláthraithe ITE</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> An bhliain acadúil 2012-13</p>

<p>huimhearthachta, agus measúnú</p> <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go gcomhlíonann gach múinteoir aonaid éigeantacha i bhforbairt na litearthachta, teagasc na huimhearthachta agus i straitéisí tuairiscithe agus measúnaithe gaolmhara go rathúil • Méadú a dhéanamh ar an t-am a chaitear i gcleachtadh múinteoireachta scoil— bhunaithe i seomraí ranga múinteoirí oilte, ardchaighdeán na litearthachta agus na huimhearthachta • Deireadh a chur le staidéar na n-ábhar acadúil atá ar chlár an BEd faoi láthair i bhfábhar ábhair acadúla a bhaineann ar bhonn níos dlúithe leis an oideachas d'fhonn deis a thabhairt le bhreis ama a chaitheamh ar fhorbairt feasachta agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a ndéantar cur síos orthu thuas • A chinntiú go bhfuil ar mhúinteoirí scileanna sásúla a léiriú i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta le linn céim an chleachtaidh mhúinteoireachta dá gcúrsa um oideachas tosaigh múinteoirí 	
--	--

<p>Comhoibreoidh an tAire leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun athchumrú a dhéanamh ar ábhar agus ar fhad na gcúrsaí um oideachas tosaigh múinteoirí (ITE) do mhúinteoirí iar-bhunscoile chun forbairt ar scileanna na múinteoirí a chinntiú i ndáil le teagasc na litearthachta agus na huimhearthachta</p>	
<ul style="list-style-type: none"> • Fad an chláir um Theastas Iarchéime san Oideachas (PGCE) (dóibh siúd ag tabhairt faoi mhúnla leantach an oideachais mhúinteoirí) a leathnú chuig íosmhéid dhá bhliain • An múnla comhthráthach ceithre bliana um oideachas tosaigh múinteoirí do mhúinteoirí iar-bhunscoile a leathnú chuig réimse ábhar acadúil (mar shampla, trí chur ar chumas na 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an tÚdarás Ardoideachais i gcomhar le soláthraithe ITE</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> An bhliain acadúil 2014-15</p>

<p>mac léinn ábhar acadúil amháin nó dhó a staidéar i gcomhar le hábhair oideachais agus oideolaíocht mar ghnéithe de chúrsa céime)</p> <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go soláthraíonn cláir ITE do mhúinteoirí iar-bhunscoile go leor ama chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint agus cumas na n-ábhar múinteoirí feasacht reatha a chur chun feidhme i ndáil le réimsí cosúil le foghlaim na leanaí, sealbhú teanga, teagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta, agus measúnú • A chinntiú go gcomhlíonann gach múinteoir, beag beann ar a speisialtóireacht ábhair, aonaid éigeantacha i bhforbairt na litearthachta thar an gcuraclam agus i nósanna imeachta measúnaithe gaolmhara • Méadú a dhéanamh ar an t-am a chaitear i gcleachtadh múinteoireachta scoil— bhunaithe i seomraí ranga múinteoirí oilte, ardchaighdeáin na litearthachta agus na huimhearthachta • A chinntiú go bhfuil ar mhúinteoirí scileanna sásúla a léiriú i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta mar atá ábhartha laistigh dá speisialtóireachtaí ábhair le linn céim an chleachtaidh mhúinteoireachta dá gcúrsa um oideachas tosaigh múinteoirí 	
---	--

<p>Tacaíocht leanúnach a sholáthar do mhúinteoirí nua-cháilithe go ginearálta agus go háirithe i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta</p>	
<ul style="list-style-type: none"> • Dianaonaid a sholáthar laistigh den chlár náisiúnta ionduchtaithe do mhúinteoirí ar theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta agus ar úsáid an mheasúnaithe • É a bheith éigeantach páirt a ghlacadh sa chlár náisiúnta ionduchtaithe do mhúinteoirí faoin mbliain 2012 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS go bunúsach (i gcomhar le lárionaid oideachais agus soláthraithe ITE). Aistrefar freagracht as maoirsiú a dhéanamh ar riachtanais phromhaidh agus ionduchtaithe na múinteoirí chuig an gComhairle Mhúinteoireachta</p>

<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go bhfuil measúnú archumas an mhúinteora an litearthacht agus uimhearthacht a theagasc san áireamh mar chuid den mheasúnú ar inniúlacht ghairmiúlacht an mhúinteora a bhfuil gá leis le haghaidh cláraithe iomlán leis an gComhairle Mhúinteoireachta 	<p>in 2012</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> 2011-12</p>
--	---

An fhorbairt leanúnach phroifisiúnta do mhúinteoirí a dtacaíonn an Roinn léi, a soláthar sin a dhírú ar mhúineadh na litearthachta agus na huimhearthachta agus ar úsáid na taighde

<ul style="list-style-type: none"> • Rochtain a sholáthar ar chúrsaí forbartha gairmiúil faofa atá ar a laghad fiche uaire ar fhad sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa mheasúnú gach cúig bliana do bhunmhúinteoirí agus do mhúinteoirí L1 (Béarla/Gaeilge) sa dara leibhéal (mar ghné den fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá de dhíth ar mhúinteoirí chun a gcuid scileanna gairmiúla a chothú) 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS i gcomhairle leis an gComhairle Mhúinteoireachta, lárionaid oideachais agus soláthraithe FGL eile</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Ón scoilbhliain 2011-12</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Rochtain a sholáthar ar aonaid forbartha gairmiúil faofa ar litearthacht agus uimhearthachta tríd síos an geuraclam do mhúinteoirí dara leibhéal (mar ghné den fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá de dhíth ar mhúinteoirí chun a gcuid scileanna gairmiúla a chothú) 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS i gcomhairle leis an gComhairle Mhúinteoireachta, lárionaid oideachais agus soláthraithe FGL eile</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Ón scoilbhliain 2011-12</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Leanúint leis an tacaíocht um fhorbairt ghairmiúil á soláthar mar chuid de rolladh amach <i>Thionscadail Mata</i> ag an dara leibhéal 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Leanúnach</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Treoir agus acmhainní mionsonraithe a sholáthar do mhúinteoirí agus do chleachtóirí ECCE i ndáil le dea-chleachtas i dteagasc agus i measúnú na litearthachta 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> NCCA leis an ROS</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i></p>

agus na huimhearthachta trí mheán lámhleabhair, cúrsaí ar líne, físeáin agus acmhainní eile	Na chéad ábhair agus acmhainní le bheith ar fáil faoi samhradh 2011
<ul style="list-style-type: none"> Iallach a chur ar sholáthraithe uile ag lorg aitheantais ar chúrsaí samhraidh na forbartha gairmiúil leanúnaí aonaid a áireamh ar teagasc na litearthachta (nó teagasc na litearthachta agus na huimhearthachta, mar is cuí) ar fud an churaclaim 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS i gcomhar le lárionaid oideachais agus soláthraithe FGL eile</p> <p><i>Spriodhata táscach:</i> 2012</p>
<ul style="list-style-type: none"> Díriú ar theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta a fhorbairt i scoileanna DEIS: obair na <i>gcuiditheoirí</i> (pearsanra tacaíochta) eiseacha de chuid DEIS a athdhíriú agus ath-implonú a dhéanamh ar phoist eile chun foireann d'fhiche comhairleoir a chruthú chun oibriú le scoileanna bunscoile agus iar-bhunscoile de chuid DEIS agus foireann Ógtheagmhála ar theagasc agus measúnú na litearthachta agus na huimhearthachta 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí i gcomhar leis an NCCA, ag tarraingt ar thaithí i gcomhlachtaí ar nós an tIonad um Staidéar Litearthachta i gColáiste Phádraig, Droim Conrach</p> <p><i>Spriodhata táscach:</i> Baill foirne bunaidh le bheith in áit faoi 2011-12; leathnaithe in 2013 agus níos faide ar aghaidh</p>
<ul style="list-style-type: none"> Clár ginearálta scil-bhunaithe a fhorbairt, a bhfuil prionsabail agus cleachtaí chur chuige chláracha mar Athghabháil na Léitheoireachta agus na Matamaitice chun tosaigh ann, chun múinteoirí a chumasú chun deileáil le réimse fadhbanna litearthachta agus uimhearthachta sa seomra ranga 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> NCCA i gcomhar le comhlachtaí ar nós an tIonad um Staidéar Litearthachta i gColáiste Phádraig, Droim Conrach</p> <p><i>Spriodhata táscach:</i> 2012-13</p>

Spreagadh a dhéanamh ar uasoiliúint na gcleachtóirí oideachais agus cúraim luathóige (ECCE)

<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go n-áiríonn na cúrsaí oideachais agus oiliúna comhlíonta acu siúd ag tabhairt faoin lucht saothair ECCE aonaid ar fhorbairt teanga, luath scileanna litearthachta agus matamaitice (trí oibriú le comhlachtaí 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS i gcomhar le soláthraithe na gelár oideachais do chleachtóirí ECCE</p>
---	--

<p>creidiúnaithe ábhartha chun a chinntiú go mbeidh scileanna foirmiúla i bhforbairt teanga, litearthachta agus uimhearthachta mar riachtanas chun cáilithe dá gcáilíochtaí a dhéanann foráil don iontráil sa lucht saothair ECCE)</p>	<p><i>Spriocdháta táscach:</i> 2012</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Leanúint le dreasachtaí a sholáthar do sholáthraithe ECCE chun uasoiliúnú a dhéanamh ar an bpearsanra i láithreacha ECCE trí leanúint leis an nasc a chruthú idir rátaí caipitíochta níos airde na seirbhísí réamhscoile agus rátaí cáilíochta níos airde 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Leanúnach</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Dul i mbun oibre leis na comhlachtaí ábhartha chun a chinntiú ó dháta seasta go bhfuil scileanna foirmiúla i bhforbairt teanga labhartha, litearthachta agus uimhearthachta luaithe mar riachtanas do chleachtóirí ECCE uile 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS i gcomhar le soláthraithe na gclár oideachais do chleachtóirí ECCE</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Le socrú</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Oiriúnú a dhéanamh ar an gclár ECCE i bhfianaise riachtanas cáilíochta níos airde na gcleachtóirí ECCE ag éabhlóidiú thar am 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Le socrú</p>

A chinntiú go bhfuil meicníochtaí dearbhú cáilíochta fóna i bhfeidhm le haghaidh cúrsaí FGL do mhúinteoirí faoi mar a ndéantar foráil dóibh san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta

<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go ndéantar measúnú agus meastóireacht chuí ar chúrsaí forbartha gairmiúil leanúnaí do mhúinteoirí. 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS go bunúsach, ansin an Chomhairle Mhúinteoireachta</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> 2012</p>
--	---

3. CUMAS CEANNAIREACHTA SCOILE A NEARTÚ

3.1 Ról lárnach na bpríomhoidí

Tá ról ríthábhachtach ag príomhoidí i gcruithú atmaisféir scoile a thacaíonn le teagasc agus foghlaim éifeachtach. Ní mór do phríomhoidí léirthuisceint chrinn a bheith acu ar an gcaoi ina fhoghlaimíonn foghlaimeoirí mar aon leis an gcaoi inar chóir an scoil a eagrú agus inar chóir tacú le múinteoirí chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach. Tá ceannaireacht na bpríomhoidí riachtanach má tá scoileanna le féachaint go criticiúil ar a gcuid oibre féin, le cinneadh a dhéanamh ar conas feabhsuithe a dhéanamh, gníomhartha a chur chun feidhme a rachaidh chun tairbhe na bhfoghlaimeoirí, agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar thorthaí na ndaltaí.

3.2 Gníomhartha chun tacú le príomhoidí i dtreorú an fheabhais sa litearthacht agus san uimhearthacht

Sa bhreis ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí uile mar ata leagtha amach i gcaibidil 2, tabharfar tacaíocht do phríomhoidí sna bealaí seo a leanas. Tabharfaimid faoi:

Tacú le príomhoidí i gcur chun feidhme féinmheasúnú scoile láidir, ag díriú go speisialta ar fheabhsuithe sa litearthacht agus san uimhearthacht	
<ul style="list-style-type: none">• Ábhair chuimsitheacha a sholáthar (a gcuirfear leo agus a ndéanfar breis forbartha orthu le himeacht ama) chun tacú le cur chun feidhme féinmheasúnú láidir i scoileanna• Treoir agus oiliúint a sholáthar do phríomhoidí maidir le féinmheasúnú scoile éifeachtach i gcomhar le heagraíochtaí gairmiúla na bpríomhoidí (IPPN agus NAPD), ag díriú ar fheabhsuithe i dteagasc agus measúnú na litearthachta agus na huimhearthachta• Comhairle agus tacaíocht ar líne a sholáthar maidir le féinmheasúnú scoile a chur chun feidhme• Athbhreithniú a áireamh ar phróiseas féinmheasúnaithe na scoile mar chuid de mheasúnuithe scoile-uile na scoileanna ar fad	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS i gcomhar le Seirbhísí Tacaíochta agus eagraíochtaí gairmiúla na bpríomhoidí</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Na chéad ábhair le bheith ar fáil i Meán Fómhair 2011; ionchuir i gcomhdhálacha agus seimineáir IPPN agus NAPD le tosú sa scoilbhliain 2011-12</p>

Cláir forbartha ceannaireachta a sholáthar dóibh siúd ar uaillmhian leo bheith ina bpríomhoidí

<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go n-áirítear aonaid ar theagasc agus ar mheasúnú na litearthachta agus na huimhearthachta agus ar féinmheasúnú scoile mar chuid de chláir forbartha ceannaireachta uile dóibh siúd ar uaillmhian leo bheith ina bpríomhoidí • Soláthar agus tabhairt faoi chláir forbartha ceannaireachta dóibh siúd ar uaillmhian leo a bheith ina bpríomhoidí a spreagadh trína léiriú go mbeidh comhlíonadh rathúil na gcúrsaí úd mar riachtanas éigeantach d'iarrthóirí ar phost príomhoide ó dháta socraithe 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS agus soláthraithe um fhorbairt ghairmiúil leanúnach</p> <p><i>Spríocdháta táscach:</i> A chinntiú go bhfuil ábhar litearthachta agus uimhearthachta i gcúrsaí ceannaireachta eiseacha faoi 2011</p> <p>Tabhairt isteach riachtanas éigeantach do chúrsaí ceannaireachta faoi dháta socraithe</p>
--	--

3. CUMAS CEANNAIREACHTA SCOILE A NEARTÚ

3.1 Ról lárnach na bpríomhoidí

Tá ról lárnach ag príomhoidí i gcruthú atmaisféir scoile a thacaíonn le múinteoireacht agus le foghlaim éifeachtach. Ní mór do phríomhoidí léirthuisicint chrinn a bheith acu ar an gcaoi a ndéanann foghlaimeoirí a gcuid foghlama agus ar an gcaoi ba chóir an scoil a eagrú agus tacú le múinteoirí chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach. Tá ceannaireacht na bpríomhoidí riachtanach má tá scoileanna le féachaint go criticiúil ar a gcuid oibre féin, le cinneadh a dhéanamh faoi conas an obair a fheabhsú, gníomhaíocht a fheidhmiú a rachaidh chun tairbhe an lucht foghlama agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar thorthaí foghlama na mac léinn.

3.2 Gníomhaíochtaí chun tacú le príomhoidí i gceannaireacht an fheabhais sa litearthacht agus san uimhearthacht

Chomh maith leis an bhforbairt leanúnach phroifisiúnta do mhúinteoirí go ginearálta, mar a léiríodh thuas ba chóir tacaíocht bhreise mar seo a leanas a chur ar fáil do phríomhoidí:

Tacaíocht a sholáthar do phríomhoidí chun féinmheasúnú tréan scoile a fheidhmiú, ag díriú go speisialta ar fheabhsú na litearthachta agus na huimhearthachta	
<ul style="list-style-type: none">• Ábhair chuimsitheacha a sholáthar (a gcuirfear leo agus a ndéanfar forbairt bhreise orthu le himeacht ama) chun tacú le féin-mheasúnú tréan a fheidhmiú sna scoileanna• Treoir agus oiliúint a sholáthar do phríomhoidí maidir le féin-mheasúnú éifeachtach scoile, i gcomhar le cumainn phroifisiúnta na bpríomhoidí (IPPN agus NAPD), ag díriú ar fheabhsú na múinteoireachta agus an mheasúnaithe in achair na litearthachta agus na huimhearthachta• Comhairle agus tacaíocht ar-líne a sholáthar maidir le féin-mheasúnú i scoileanna• Athbhreithniú ar phróiseas féin-mheasúnaithe na scoile a bheith mar chuid de gach measúnú scoile-uile a dhéantar	<i>Príomhfhreagrach as an ngníomh seo:</i> An Chigearacht i gcomhar leis na Seirbhísí Tacaíochta

Cláracha forbartha ceannaireachta a sholáthar dóibh siúd ar mhian leo a bheith ina bpríomhoidí

<ul style="list-style-type: none">• A dheimhniú go mbeidh aonaid éigeantacha ar mhúineadh agus ar mheasúnú na litearthachta agus na huimhearthachta agus ar fhéin-	<i>Príomhfhreagrach as an ngníomh seo:</i> An Rannóg Oideachais Múinteoirí i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta, Téarmaí agus
--	---

<p>mheasúnú scoile sna cláracha forbartha ceannaireachta uile dóibh siúd ar mhian leo a bheith ina bpríomhoidí</p> <ul style="list-style-type: none"> • Soláthar cláracha forbartha ceannaireachta dóibh siúd ar mhian leo a bheith ina bpríomhoidí, agus freastal múinteoirí ar na cláracha sin, a spreagadh, trína thabhairt le fios go mbeidh sé riachtanach i ndiaidh dáta cinnte amach anseo go gcríochnóidh daoine atá ag cur isteach ar phostanna mar phríomhoidí cúrsaí mar sin go rathúil; ábhar cláracha mar sin a bheith á chreidiúnú ag an gComhairle Mhúinteoireachta. 	<p>Coinníollacha do Mhúinteoirí ón ROS, ionaid oideachais agus soláthróirí cúrsaí san fhorbairt leanúnach phroifisiúnta</p>
--	---

4. AG TABHAIRT TÚS ÁITE DO SCILEANNA TEANGA, LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT SAN OIDEACHAS LUATH-ÓIGE, BUNSCOILE AGUS IAR-BHUNSCOILE

4.1 An taithí foghlama cheart a dhearadh

Ní mór dúinn a chinntiú go dtugann múinteoirí uile tús áite d'fhorbairt na scileanna teanga, litearthachta agus foghlama san obair ar fad a dhéanann siad le leanaí agus daoine óga. Baineann fíorthábhacht leis an gcuraclam ceart a dhearadh do gach céim d'fhorbairt an linbh mar aon lena chinntiú go gcuirtear an curaclam i bhfeidhm chomh héifeachtach agus is féidir d'fhonn a chinntiú go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus na dearcaí a theastaíonn ó dhaltaí agus ó dhaoine fásta á bhfáil ag leanaí agus daoine óga. Le cois scileanna múinteoirí a fheabhsú (mar a pléadh sa chaibidil roimhe seo) ní mór dúinn freisin a chinntiú go mbíonn na gnéithe litearthachta agus uimhearthachta de gach curaclam ceart.

Ní mór dúinn a bheith ríshoiléir faoi na tosaíochtaí atá mar bhonn lenár gcinntí faoi ábhar na gcuraclam. Tagann athrú ar na ceisteanna agus ar na hábhair inní a measaimid a bheith tábhachtach nó ábhartha le himeacht aimsire agus is rud nádúrtha é go dtiocfadh athrú ar na curaclaim le léargas a thabhairt ar na himthosca athraitheacha sin. Le blianta beaga anuas, bhí eagraíochtaí, grúpaí sainleasa agus oideoirí áirithe den tuairim gur cheart níos mó béime a leagan sna curaclaim scoile ar réimsí cosúil le scileanna sóisialta agus saoil, ceisteanna comhshaoil, na healaíona agus oideachas ceoil, tuiscint eolaíoch, agus uimhearthacht i measc ceisteanna eile. Ainneoin curaclaim a bheith leasaithe i bhfianaise cuid de na tuairimí seo, ní mór dúinn a thuiscint freisin nach féidir leis na curaclaim freastal ar na gnéithe sin ar fad atá ábhartha i saol daoine óga. Trí réimse níos leithne ceisteanna agus ábhair á áireamh i gcuraclaim scoile anois, rud a chiallaigh gur tháinig laghdú ar an méid ama a bhí ar fáil do shealbhú agus do chomhdhlúthú príomhscileanna. *Ní mór dúinn a thuiscint gur scileanna ríthábhachtacha iad tuiscint agus úsáid a bhaint as litearthacht agus uimhearthacht agus nach mór an méid ama a chaitear ar a bhforbairt a chosaint; uaireanta is gá é seo a dhéanamh trí mhoill a chur ar thionscnamh roinnt réimsí curaclaim agus trína chinntiú go bhfuil teagasc na litearthachta agus na huimhearthachta á chomhtháthú sa churaclam trí chéile. Ní mór go mbeimis soiléir agus sinn ag rá go dteastaíonn uainn go gcuirfeadh múinteoirí béim ar fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta thar gach gné eile de chuid an churaclaim.*

Ní mór dúinn a chinntiú go sonraítear go soiléir sna curaclaim scoile na nithe ba cheart do leanaí a fhoghlaim ag gach céim dá bhforbairt. Ní mór freisin go mbeadh treoir shoiléir agus ar féidir a chur i bhfeidhm go héasca le fáil sna curaclaim do mhúinteoirí faoi na bealaí is fearr le tacú le foghlaim na ndaltaí agus faoi na bealaí

is fearr le measúnú a dhéanamh ar ghnóthachtáil na ndaltaí. Ceann de na prionsabail dearaidh a luadh i gCuraclam na Bunscoile (1999) ba ea go raibh na cuspóirí ábhair deartha ar mhaithe le cur síos a dhéanamh ní hamháin ar an méid a bhí le foghlaim ag an leanbh, ach ar an tslí a mbeadh an leanbh ag foghlaim freisin. Cé go mb'fhéidir gur chabhraigh sé seo le múinteoirí tuiscint a fháil ar an úsáid a bhí molta a bhaint as na modheolaíochtaí inmholta, chiallaigh sé freisin go raibh easpa soiléireachta ann maidir leis na torthaí foghlama ba cheart a bhaint amach agus a mheas ag gach céim. Mar shampla, is léir ó measúnuithe atá déanta ag an gCigireacht nár mheas múinteoirí go raibh an t-ábhar sa churaclam Béarla i gCuraclam na Bunscoile (1999) sách soiléir; agus ábhar spéise is ea gur sonraíodh i dtuairisc a d'eisigh Líonra Bunscoile an NCCA faoi mheasúnú gur “cheistigh múinteoirí an leibhéal tacaíochta a bhí á fháil acu sa churaclam agus iad ag pleanáil ceachtanna” agus gur luaigh múinteoirí “go bhfuil sé níos dúshlánaí ná mar ba chóir úsáid a bhaint as an gcuraclam le tacú le measúnú ar an bpróiseas foghlama.” Tá dearadh bunaithe ar “thorthaí foghlama” le tabhairt faoi deara san fhorbairt is déanaí atá déanta ar an gcuraclam ag an leibhéal iar-bhunscoile, dearadh ina sonraítear go soiléir na torthaí foghlama a bhfuil súil leo, ach is den tábhacht é go n-áireofar an cur chuige seo sna ráitis churaclaim uile ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. *Ba cheart go sonrófáir go soiléir i gcuraclaim na scileanna agus an inniúlacht a bhfuil súil leo ó fhoghlaiméoirí ag cúig phointe ar leith dá bhforbairt (deireadh na luathbhlianta/naíonáin, deireadh rang a dó, deireadh rang a ceathair, deireadh chéim na bunscoile, agus deireadh na sraithe sóisearaí) agus ba cheart go mbeadh comhairle le fáil ag múinteoirí maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dtorthaí foghlama beartaithe i measc na ndaltaí ar fad).*

Tá dualgas orainn a chinntiú go bhfaigheann leanaí agus daoine óga deis a gcuid scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt gan stró ón oideachas luathóige go dtí deireadh an oideachais éigeantaigh. In Éirinn bhí sé de nós againn riamh anall curaclaim a fhorbairt i gceithre chéim faoi leith: oideachas luathóige, oideachas bunscoile, an tsraith shóisearach iar-bhunscoile agus an tsraith shinsearach iar-bhunscoile. Is beag forbairt curaclaim foirmiúil atá curtha i gcrích i gcás daltaí a fhágann an córas scoile go luath agus a fhreastalaíonn ar sheirbhísí Ógtheagmhála. Is é atá mar thoradh ar an bhforbairt churaclaim deighilte seo ná go mbíonn ar dhaltaí déileáil le neamhleanúnachas san fhoghlaim de réir mar a bhogann siad ó chéim go céim.

Mar shampla, rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le tacú le céimeanna na naíonán mar atá sonraithe i gCuraclam na Bunscoile (1999) sa churaclam a forbraíodh do Aistear (2009) agus is léir anois nach mór Curaclam na Bunscoile (1999) a leasú chun an cur chuige ba cheart a úsáid le leanaí atá idir trí agus sé bliana d'aois a léiriú.

A dhála sin, is léir ó thaighde atá déanta go mbíonn ar dhaltaí déileáil le hathruithe suntasacha, sna cur chuigí teagaisc nach bhfuil gá leo le linn dóibh bogadh ón oideachas bunscoile go dtí na blianta tosaigh den mheánoideachas. Uaireanta is é a bhíonn mar thoradh ar an neamhleanúnachas seo go dteipeann ar dhaltaí dul chun cinn a dhéanamh sna blianta tosaigh den tsraith shóisearach agus is ionduíl go mbíonn a gcuid scileanna litearthachta agus uimhearthachta thíos leis dá bharr. Chomh maith leis sin, is eol dúinn go mbíonn difríocht shuntasach le tabhairt faoi deara sna scileanna litearthachta agus uimhearthachta a bhíonn ag leanaí nuair a shroichead siad an chéad bhliain den oideachas iar-bhunscoile. Tá scileanna maithe litearthachta agus uimhearthachta ag a lán daltaí atá dhá bhliain déag d'aois, ach tá daltaí eile fós ann nach mór dóibh na scileanna seo a dhaingniú ina n-intinn, agus tá daltaí eile ann freisin nach mbeidh scileanna litearthachta ná uimhearthachta acu a bheidh forbartha a dhóthain chun dul i ngleic leis na héilimh a chruthaíonn an curaclam iar-bhunscoile. Ainneoin riachtanais foghlama éagsúla a bheith i gceist, is beag fianaise atá ann go dtugann múinteoirí iar-bhunscoile dóthain airde ar an méid atá ar eolas ag daltaí aonair cheana féin i ndáil le léitheoireacht agus uimhearthacht agus iad ag pleanáil agus ag teagasc ceachtanna. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag gach múinteoir litearthacht agus uimhearthacht a theagasc, agus ba cheart dúinn iarracht a dhéanamh gan ábhar ar bith a theagasc gan aird mar is cuí a thabhairt do na príomhscileanna cumarsáide sin a theastaíonn ó dhaoine óga le hidirghníomhú leis an eolas agus lena dtaithe saoil.

Ní mór dúinn a chinntiú, dá réir sin, go ndéantar foráil mar is cuí do sholáthar scileanna cuimsitheacha litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí sna curaclaim náisiúnta. Ní mór dúinn a chinntiú, chomh maith, go ndéantar ár gcuid mianta i ndáil le forbairt litearthachta agus uimhearthachta na leanaí mar atá leagtha amach sna curaclaim a léiriú sa churaclam faoi mar a bhraitheann gach leanbh ar scoil. Ní mór dúinn a chinntiú go ndéantar monatóireacht chuí ar fhorbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bhfoghlaimoirí ag gach céim dá bhforbairt, agus go leanfar le béim leanúnach a chur ar a chinntiú go bhforbraíonn gach leanbh na scileanna cuí litearthachta agus uimhearthachta.

4.2 Oideachas Luathóige

Cuimsíonn oideachas luathóige na chéad sé bliana de shaol an duine. Samhlaítear trí chéim faoi leith a bheith i gceist anseo - ó bhreith go dtí 18 mí, 18 mí go dtí trí bliana, agus trí bliana go dtí sé bliana. In Éirinn is gnách go gcuirtear an dá bhliain dheireanacha den chéim luathóige ar fáil mar chuid den chóras oideachais bunscoile. Ó mhí Eanáir 2010 anonn bhíothas ag tacú le soláthar sna ranganna naíonáin trí thús a chur le háit réamhscoile saor in aisce a thairiscint do leanaí idir trí agus ceithre bliana

d'aois faoi thionscnamh a bhí á maoiniú ag Stiúrthóireacht um Chúram Leanaí Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Ba cheart an deis a thapú na luathbhlianta seo a úsáid chun taithí chuí forbartha a thabhairt do leanaí a chabhróidh leo bonn maith scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt, go háirithe i ndáil le feasacht agus forbairt teanga. Léirítear é seo ar fad in *Aistear*, an curaclam luathóige do leanaí idir 0-6 bliana d'aois, a chuimsíonn idir blianta réamhscoile agus bunscoile agus *Curaclam na Bunscoile*, a leagan béim shuntasach ar fhorbairt bunscoileanna litearthachta agus uimhearthachta.

Tacaíonn creat *Aistear*, a foilsíodh sa bhliain 2009, leis an smaointeoireacht atá mar bhonn le *Curaclam na Bunscoile 1999* sa tslí a fhoghlaimíonn leanaí óga. Leagtar béim go háirithe in *Aistear* ar chothromaíocht a chinntiú idir tionscnaimh atá a stiúradh ag daoine fásta agus ag leanaí. Áirítear in *Aistear* spraoi mar phríomhphróiseas a thacaíonn le foghlaim daoine óga agus mar mhodheolaíocht chun foghlaim a éascú agus chun deis a thabhairt do dhaltaí cuid dá ngníomhaíochtaí foghlama féin a roghnú. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí foghlama ar ardchaighdeán cosúil lena bhfuil luaite in *Aistear* cabhrú go mór le sealbhú scileanna teanga, litearthachta agus uimhearthachta leanaí a fheabhsú.

Ar ndóigh, ní mór dúinn a thuiscint freisin go mbaineann dúshlán suntasach leis na cur chuigí a mholtar in *Aistear* do leanaí idir 3-6 bliain d'aois a chur i bhfeidhm. Cé nach bhfuil fianaise chinntitheach ar bith ann a thaispeánann go bhfuil méideanna ranga a íslíú i scoileanna mar bhonn leis an gcaighdeán teagaisc nó foghlama a fheabhsú go ginearálta, tá sonraí ann a thugann le fios go mbaineann buntáiste le cóimheasa ísle daoine fásta-leanaí sna blianta luathóige. Chabhródh cóimheasa níos ísle daoine fásta-leanaí i ranganna na naíonán shóisearach agus shinsearach le tacú leis an sórt foghlama a shamhlaítear in *Aistear*. Má táthar leis seo a chur i gcrích thar am, beidh sé riachtanach tús áite a thabhairt do ranganna naíonáin agus múinteoirí a leithdháileadh.

Tá sé tábhachtach freisin go n-aithneofar riachtanais foghlama na leanaí a luaithe agus is féidir. Is féidir eolas a fháil ó chórais mheasúnaithe fianaise-bhunaithe, eolas atá tábhachtach i ndáil le léargas a thabhairt dúinn ar fhorbairt ag leibhéal an dalta aonair, rud a chuireann ar ár gcumas déileáil le ceisteanna éagsúla a thagann chun cinn go luath, agus rud a chabhraíonn linn a chinntiú nach mbeidh siad ina bhac ar fhoghlaim de réir mar a dhéanann an dalta dul chun cinn. Fachtóir tábhachtach i ndáil le tacú le measúnú éifeachtach sa chóras oideachais foirmiúil is ea nach mór go mbeadh tuiscint mhaith ag an múinteoir ar an bpointe go bhfuil tionchar suntasach ag an rud a fhoghlaimítear sna luathbhlianta ar an méid a fhoghlaimítear sna blianta ina dhiaidh sin.

Is den tábhacht é freisin nuair a aithnítear riachtanais foghlama, go gcuirtear deiseanna cuí foghlama ar fáil. I láthair na huaire, tá beartas na Roinne Oideachais agus Scileanna dírithe ar a leithéid sin d'idirghabháil ag céim na naíonán shinsearach. Is léir ó fhianaise taighde go bhfuil sé ródhéanach i gcás go leor leanaí idirghabháil a thairiscint ag an gcéim seo amháin, go háirithe nuair a thaispeántar go n-eascraíonn na fadhbanna ó dheacrachtaí a bhaineann le forbairt ar an teanga labhartha.

4.3 Gníomhartha chun litearthacht agus uimhearhacht a fheabhsú sna luathbhlianta

Ní mór dúinn teagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearhachta a fheabhsú i gcéim na luathbhlianta. Tabharfaimid faoi:

Curaclam na naíonán a athstruchtúrú ionas go gcuireann sé leis na cur chuigí teagaisc agus foghlama atá luaite i gcreat <i>Aistear</i>	
<ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú a dhéanamh ar churaclam na naíonán ionas go mbeidh sé ag teacht leis na cur chuigí teagaisc agus foghlama a mholtar i gcreat <i>Aistear</i> • A chinntiú go gcuirtear ar chumas na múinteoirí a dhóthain béime a leagadh ar fhorbairt scileanna éisteachta agus teanga labhartha, ar fheasacht fhóinéimeach agus ar scileanna eile atá riachtanach do luathfhorbairt litearthachta, agus luathscileanna matamaiticiúla, dála rangú, meaitseáil, comparáid agus ordú 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> NCCA, ROS agus scoileanna</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Curaclam athbhreithnithe le bheith ar fáil ó 2012-13</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Ábhar nua a dhearadh le húsáid in áit na n-ábhar sonrach a áirítear i gCuraclam na naíonán agus mar atá sonraithe i gCuraclam na Bunscoile trí leas a bhaint as oideachas comhtháite comhshaoil seachas stair, tíreolaíocht agus eolaíocht • Na ballaí i seomra ranga na naíonán a bheith clúdaithe le pictiúir agus le póstaer 	
<ul style="list-style-type: none"> • Forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do mhúinteoirí i rolladh amach an churaclaim leasaithe (mar a phléitear faoi fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí i gcaibidil 2) 	

A chinntiú go ndéantar measúnú agus monatóireacht mar is cúí ar fhorbairt scileanna teanga agus litearthachta agus uimhearthachta leanaí sna luathbhlianta oideachais

<ul style="list-style-type: none"> • Córás luathmheasúnaithe a fhorbairt a chinnteoidh go mbeidh sé indéanta measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí teanga labhartha leanaí agus forbairt choincheapúil réamhlitearthachta agus réamh-uimhearthachta trí úsáid na n-uirlisí measúnaithe nua agus/nó eiseacha a spreagadh d'fhorbairt na luathbhlianta • Leanúint le measúnú a dhéanamh ar na láidreachtaí agus ar na laigí a bhaineann le cumas litearthachta agus uimhearthachta i measc ranganna na naíonán trí úsáid na n-uirlisí measúnaithe nua agus eiseacha a spreagadh • Straitéisí idirghabhála a chur i bhfeidhm sa dara téarma sna naíonáin shinsearach i measc na ndaltaí sin a meastar deacracht a bheith acu, go háirithe sna réimsí sin a bhaineann leis an teanga labhartha agus le feasacht fhóinéimeach, agus breis tacaíochta a sholáthar trí mhúinteoirí tacaíochta foghlama a bheith ar fáil chun tacaíocht a thabhairt sa seomra ranga 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i></p> <p>ROS, NCCA, ECCE agus scoileanna</p> <p>Tá an NCCA le treoir a eisiúint maidir le húsáid uirlisí measúnaithe agus tacaíocht a sholáthar freisin i bhfoirm acmhainní ar líne</p> <p><i>Spríodhata tascach:</i> scoilbhliain 2012-13</p>
---	--

4.4 Oideachas bunscoile

Tarraingíonn athbhreithnithe a rinneadh ar chur i bhfeidhm churaclaim na bunscoile a cuireadh i bhfeidhm in 1999 aird ar an imní atá ar mhúinteoirí maidir leis an gcuraclam nua a chlúdach ag gach leibhéal ranga. Iarmhairt amháin a d'fhéadfadh a bheith le tús a chur le trí hábhar nua (drámaíocht, eolaíocht agus OSPS) sa churaclam ná laghdú ar an méid ama a bheadh á chaitheamh ar phríomhréimsí cosúil le litearthacht agus uimhearthacht. Léirítear é seo san éagsúlacht shuntasach atá le tabhairt faoi deara sa mhéid ama atá á chaitheamh ar theagasc na litearthachta agus na matamaitice, eolas atá bunaithe ar shonraí ó Measúnú Náisiúnta na Matamaitice agus na Léitheoireachta Béarla in 2009. Ainneoin go leagann an curaclam béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhtháite, is beag fianaise atá ann go bhfuil béim

á leagan ar fhorbairt na litearthachta/na huimhearthachta lasmuigh de theagasc an Bhéarla agus na matamaitice.

Léiríonn fianaise atá ag teacht chun cinn ó chigireachtaí atá á ndéanamh i mbunscoileanna freisin go bhfuil an poitéinseal ann teagasc an Bhéarla a fheabhsú. Ainneoin anailís a rinneadh ar os cionn 800 ceacht Béarla i níos mó ná 400 scoil sa tréimhse idir Deireadh Fómhair 2009 agus Deireadh Fómhair 2010 a bheith dearfach go leor faoi theagasc agus faoi fhoghlaim an ábhair, aimsíodh freisin i gcás 14 faoin gcéad nach raibh foghlaim na ndaltaí sásúil, measadh cleachtais mheasúnaithe a bheith míshásúil sa tríú cuid de na cásanna, agus measadh obair ullmhúcháin na múinteoirí a bheith míshásúil sa chúigiú cuid de na ceachtanna agus ní raibh pleananna scríofa ar bith ag beagnach an tríú cuid de na múinteoirí. Léiríonn sonraí a bailíodh ó níos mó ná 230 meastóireacht scoile uile a rinneadh sa scoilbhliain 2009-10 go bhfuil an céatadán scoileanna ina bhfuil cleachtas míshásúil le tabhairt faoi deara i dteagasc an Bhéarla suntasach go leor ag beagnach 20 faoin gcéad, ainneoin nach raibh ach líon beag scoileanna (1.1 faoin gcéad) san áireamh sa chatagóir feidhmithe is ísle (laigí suntasacha).

Rinneadh tagairt leanúnach i dtuairiscí cigirí agus taighdeoirí do na srianta a bhaineann leis na caighdeáin a baineadh amach sa mhatamaitic ag an leibhéal bunscoile le deich mbliana anuas. Is cosúil gurb é is cúis le go leor de na deacrachtaí nach n-éiríonn le múinteoirí bunchoincheapa na huimhearthachta a chur ina luí ar na daltaí - rud atá mar bhonn le forbairt choincheapúil sa mhatamaitic. Léirigh Measúnú Náisiúnta na Matamaitice agus na Léitheoireachta Béarla 2009 na laigí a bhaineann le gnéithe den churaclam a chur i bhfeidhm sna réimsí tábhachtacha sin a bhaineann le tomhas agus le meastachán, dhá réimse bhunúsacha i ndáil le foghlaim na matamaitice. Baintear an bonn ó chumas na leanaí coincheapa matamaiticiúla a chur i bhfeidhm i réimsí curaclaim cosúil le tíreolaíocht agus eolaíocht ó tharla nach bhfuil ach tuiscint theoranta acu ar na coincheapa bunúsacha ba cheart a theagasc sna gnéithe seo den churaclam matamaitice. Is léir ó thaighde atá déanta go mbíonn leibhéil ghnóthachtála i bhfad níos fearr le sonrú má chuirtear daltaí ag obair i ngrúpaí agus má bhíonn spriocanna le comhlíonadh ag an ngrúpa agus ag gach ball aonair, agus má bhíonn dreasacht ag na daltaí spriocanna a chur i gcrích, le hais cur chuigí traidisiúnta teagaisc ranga uile a chur i bhfeidhm. Léiríonn taighde comhaimseartha ar theagasc na matamaitice aird ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige fadhbréitigh bunaithe ar chomhthéacsanna dáiríre, sa chás go leagtar béim ar dtús ar thuiscint ar choincheapa matamaiticiúla a fhorbairt sula bhforbraítear scileanna. Níl léargas le fáil ar na prionsabail seo i bhformhór na gcleachtas reatha i mbunscoileanna.

4.5 Gníomhartha chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú i mbunscoileanna

Ní mór dúinn teagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta a fheabhsú i mbunscoileanna. Ní mór dúinn tabhairt faoi:

Athbhreithniú ar dhéanamh ar ábhar churaclam L1³ ag leibhéal na bunscoile ar mhaithe leis na torthaí foghlama a bhfuil súil leo ó na leanaí a shoiléiriú	
<ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar churaclam L1 ionas go mbeidh na torthaí foghlama a bhfuil súil leo i ngach sraith soiléir; tá sé mar aidhm leis an athbhreithniú seo cur leis an athlíniú atá déanta ar churaclam na naíonán le creat curaclaim <i>Aistear</i> • A chinntiú go leagtar dóthain béime agus go ndéantar dóthain forbartha sa churaclam ar theagasc agus ar mheasúnú na bpríomhscileanna litearthachta (cosúil le feasacht fhóinéimeach, fónaic, stór focal súilaithe, litriú agus forbairt ar líofacht agus ar thuiscint) agus ar scileanna scríbhneoireachta • Na torthaí foghlama a bhfuil súil leo ag gach leibhéal an churaclaim a shonrú agus treoir a fhorbairt agus a chur ar mhúinteoirí maidir leis an tslí ar cheart scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt i réimsí curaclaim seachas L1 agus matamaitic • Treoir a thabhairt do mhúinteoirí maidir le measúnú a dhéanamh ar scileanna teanga labhartha, scileanna litearthachta agus uimhearthachta daltaí ag gach céim de shraith na bunscoile • A chinntiú go bhfreastalaítear ar mhianta léitheoireacht na mbuachaill sna curaclaim ag leibhéal na bunscoile 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> NCCA agus ROS</p> <p><i>Spríocdháta táscach:</i> scoilbhliain 2012-13</p>

³ Tagraíonn L1 do theanga treorach na scoile: Béarla i scoileanna ina bhfuil Béarla mar mheán agus Gaeilge i scoileanna ina bhfuil Gaeilge mar mheán.

An méid ama atá le caitheamh ar theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta a mhéadú	
<ul style="list-style-type: none"> • Treoir a thabhairt do scoileanna maidir le ham discréideach curaclaim a úsáid chun litearthacht agus uimhearthacht a theagasc agus chun gníomhaíochtaí Drámaíochta a chur san áireamh, agus a chinntiú ag an am céanna go mbeidh an méid ama don ábhar seo ag teacht le L1 d'fhonn a chinntiú go méadaítear an t-am iomlán le haghaidh L1 agus matamaitic ó sheacht n-uaire in aghaidh na seachtaine go dtí deich n-uaire in aghaidh na seachtaine i rang a haon go rang a sé • Le himeacht ama, athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí foghlama riachtanacha in ábhair seachas L1, matamaitic agus eolaíocht chun an méid ama laghdaithe atá ar fáil do na hábhair seo a chur san áireamh agus treoir a thabhairt maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann le teagasc agus foghlaim traschuraclaim i réimsí cosúil le drámaíocht, ceol agus na hamharcealaíona 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> NCCA agus ROS</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> D'fhéadfaí go mbeadh athdháileadh na hama discréideach i bhfeidhm do scoilbhliain 2011-12</p> <p>Tá athbhreithnithe le déanamh ar ábhair eile i gcuraclam na bunscoile sa mheántearma</p>

4.6 Oideachas iar-bhunscoile

I bhfianaise na himní atá ann le fada mar gheall ar theagasc na matamaitice, tá athrú suntasach ar bun cheana féin i ndáil le teagasc an ábhair seo ag leibhéal iar-bhunscoile agus tá creat idirlinne deartha cheana féin chun teagasc na matamaitice i rang a cúig agus a sé a nascadh le teagasc na matamaitice sa tsraith shóisearach. Tá Tionscadal Mata [Project Maths], a bheidh á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe ag tús Mheán Fómhair 2010, deartha chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar an tslí a bhfuil matamaitic á teagasc ag leibhéal na hiar-bhunscoile trí na siollabais agus measúnú na matamaitice sna scrúduithe a athstruchtúrú. Tá sé mar aidhm le Tionscadal Mata níos mó béime a leagan ar an tuiscint atá ag daltaí ar choincheapa matamaiticiúla, níos mó úsáide a bhaint as comhthéacsanna agus as feidhmeanna éagsúla, agus, ar an tslí sin, a chur ar chumas na ndaltaí nasc a chruthú idir matamaitic agus an saol laethúil. Dá dheasca seo, beidh níos mó béime á leagan i dteagasc na matamaitice ar úsáid a bhaint as matamaitic chun fadhbanna a thagann chun cinn sa saol laethúil a réiteach.

Déileáiltear le teagasc na litearthachta ag an leibhéal iar-bhunscoile sa siollabas Béarla agus déantar forbairt air seo sna treoirlínte do mhúinteoirí atá in éineacht leis seo. Ní dhéileálann an siollabas reatha Béarla, áfach, a forbraíodh breis agus scór bliain ó shin (1989), leis na húsáidí sóisialta agus cultúrtha a d'fhéadfaí a bhaint as scileanna litearthachta sa lá inniu ann, cumarsáid leictreonach mar shampla. Ainneoin go dtagraíonn cuspóirí an tsiollabais do scileanna léitheoireachta trí phrós fhíorasach a léamh i bhfoirmeacha éagsúla, tá ábhar an tsiollabais reatha dírithe go mór mhór ar théacsanna agus ar seánraí liteartha dála filíocht, úrscéalta, gearrscéalta agus drámaí. D'fhéadfadh sé seo, i bpáirt, a bheith mar bhonn leis an gcúis nach n-éiríonn chomh maith céanna le buachaillí i gcomparáid le cailíní sna measúnuithe a dhéantar ar litearthacht i gcéim an Teastais Shóisearaigh, ó tharla gur léir dúinn ón taighde is déanaí atá déanta go bhfuil nós ag buachaillí téacsanna léiritheacha (fíorasacha) a roghnú seachas téacsanna inste ná liteartha. Tugann an fhianaise is déanaí atá ar fáil le fios dúinn go bhfuil an bhearna gnóthachtála idir buachaillí agus cailíní níos lú ag deireadh an oideachais bunscoile.

4.7 Gníomhartha chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú i scoileanna iar-bhunscoile

Ní mór dúinn teagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta a fheabhsú i scoileanna iar-bhunscoile. Ní mór dúinn tabhairt faoi:

Leanfar le forbairt agus le rolladh amach <i>Tionscadal Mata</i>	
<ul style="list-style-type: none"> • Leanfar le <i>Tionscadal Mata</i> a chur i bhfeidhm agus le monatóireacht a dhéanamh ar an éifeacht atá ag cur i bhfeidhm ar na caighdeáin a bhaintear amach sa mhatamaitic trí úsáid a bhaint as táscairí éagsúla, lena n-áirítear taighde coimisiúnaithe, meastóireacht théamach déanta ag an gCigireacht agus sampla náisiúnta a thástáil sa chéad agus sa dara bliain • An méid ama atá á chaitheamh ar theagasc na matamaitice a mhéadú go dtí cúig thréimhse, ar a laghad, sa tseachtain • A éileamh go mbeadh matamaitic á teagasc ar feadh trí thréimhse sa tseachtain, ar a laghad, san Idirbhliain <p>Obair i dtreo cur chun feidhme moltaí na Tuarascála ó Ghrúpa Tacaíochta Forfheidhmithe Thionscadal Mata</p>	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> NCCA, ROS agus scoileanna</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Leanúnach</p>

Tús áite a thabhairt d'athbhreithniú an tsíollabais Béarla

<ul style="list-style-type: none">• Tús áite a thabhairt d'athbhreithniú a dhéanamh ar an síollabas Béarla mar chuid d'athchóiriú ar oideachas na sraithe sóisearaí• Athbhreithniú a dhéanamh ar shíollabas reatha Béarla na sraithe sóisearaí ar mhaithe le nasc níos éifeachtaí a chruthú leis na torthaí foghlama a shonraítear don ábhar sa churaclam bunscoile (ciallaíonn easpa naisc idir thaithí rang a sé agus taithí na chéad bhliana sa Bhéarla gur iondúil nach mbíonn deis ann sa chéad bhliain sa Bhéarla leibhéil litearthachta na ndaltaí a fheabhsú)• A chinntiú go bhfreastalaíonn an curaclam ar réimsí spéise léitheoireachta buachaillí ag an leibhéal iar-bhunscoile• Tacaíochtaí riachtanacha ar líne agus eile a sholáthar le tacú le cleachtas múinteoirí i ndáil le teagasc an Bhéarla• Athbhreithniú a dhéanamh ar pháipéar scrúdaithe Béarla an Teastais Shóisearaigh ionas go gcuirtear béim níos mó ar scileanna litearthachta; réimse níos mó foinsí grafacha agus neamhfhicsean; agus béim níos mó ar scileanna ar nós gramadach, eagarthóireacht agus scríbhneoireacht feidhme	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> NCCA, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus ROS</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Síollabas nua faoi 2013 le scrúdú faoi 2016</p>
---	---

Tús áite a thabhairt d'fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta thar réimsí ábhair uile agus réimsí foghlama i gcuraclam athbhreithnithe na sraithe sóisearaí

<ul style="list-style-type: none">• A chinntiú go soláthraíonn curaclaim/síollabais athbhreithnithe uile cuspóirí i ndáil le forbairt chomhtháite na scileanna litearthachta agus uimhearthachta ar fud an churaclaim, agus go n-áirítear torthaí foghlama ag tacú leis na cuspóirí seo• Laghdú a dhéanamh ar na réimsí staidéir sa tsraith shóisearach chun a chinntiú go dtugtar go leor ama d'fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> NCCA, ROS agus scoileanna</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Le tabhairt isteach curaclaim/síollabais na Sraithe Sóisearaí</p>
--	--

- | | |
|---|--|
| <ul style="list-style-type: none">• Ar feithemh tabhairt isteach curaclaim/siollabais athbhreithnithe na sraithe sóisearaí, uasteorainn a leagadh ar líon na n-ábhar ar féidir le daltaí tabhairt fúthu i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh | |
|---|--|

5. AG DÍRÍÚ ACMHAINNÍ BREISE INFHAIGHTE AR FHOGHLAIMEOIRÍ I MBAOL TEIPE LEIBHÉIL LEORDHÓTHANACHA LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA A BHAINT AMACH

5.1 Réamhrá

Tá catagóirí de leanaí atá i mbaol teipe i ndáil le leibhéil litearthachta agus uimhearthachta atá ag teastáil chun dul chun cinn a dhéanamh sa chóras oideachais agus chun feidhmiú go héifeachtach sa tsochaí a bhaint amach aitheanta ag taighde in Éirinn agus in áiteanna eile. Tá sé níos dóchúla go dteipfidh ar leanaí na n-inimirceach a bhfuil a dteanga dúchais éagsúil ó theanga na scoile, ar leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste sóisialta, ar leanaí ó phobal an Lucht Siúil agus ar leanaí atá míshásta ar scoil. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuirtear bearta coisctheacha i bhfeidhm chun cur ar chumas na leanaí i ngrúpaí leochaileacha tairbhe uasta a bhaint as oideachas.

5.2 Ag tacú le feabhsú litearthachta agus uimhearthachta i scoileanna DEIS

Tugann fianaise le tuiscint go láidir go bhfuil sé i bhfad níos dóchúla go mbeadh deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta ag leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus geilleagrach. Faigheann scoileanna ina bhfuil comhchruinnithe de na daltaí seo tacaíocht ón tionscnamh Comhionannais Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) de chuid na Roinne, a chuireann soláthar foirne feabhsaithe ar fáil, chomh maith le hacmhainní airgeadais breise, rochtain ar thionscnaimh speisialaithe maidir le forbairt litearthachta agus uimhearthachta, agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha sprioctha do mhúinteoirí.⁴

⁴ I measc na mórthionscnamh atá ar fáil do scoileanna faoi scéim DEIS áirítear iad seo a leanas:

Breith ar an Léitheoireacht [Reading Recovery]

Is idirghabháil scoilbhunaithe í Breith ar an Léitheoireacht atá deartha chun fadhbanna litearthachta a laghdú sa chóras oideachais. Is idirghabháil luath í, a sholáthraíonn tréimhse teagaisc dian, aonair do leanaí a mbíonn deacrachtaí ar leith acu le léamh agus scríbhneoireacht i ndiaidh bliain amháin sa bhunscoil. Cuireann an clár feabhas ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na leanaí is lú gnóthaithe san aoisghrúpa thart ar sé bliana. Léiríonn torthaí taighde idirnáisiúnta nach mbíonn tuilleadh tacaíochta ag teastáil ó suas le 70 faoin gcéad de na leanaí is deacra le múineadh i ndiaidh tréimhse a chaitheamh le Breith ar an Léitheoireacht a mhaireann ocht seachtaine déag ar an meán. Seachadtar an clár i scoileanna banda uirbeacha DEIS den chuid is mó.

Na Chéad Chéimeanna [First Steps]

Soláthraíonn clár *Na Chéad Chéimeanna* deis do scoileanna dul i ngleic le leibhéil litearthachta ar bhealach struchtúrtha agus pleanáilte. Is éard is cuspóir le tionscnamh *Na Chéad Chéimeanna* ná an scoil iomlán nó sainghrúpa scoile a dhírú ar shnáithe/aonad ar leith den churaclam, agus béim a leagadh ar chur chuige iomlánaíoch i leith teagasc na litearthachta. Tairgeann *Na Chéad Chéimeanna* modh cruinn do mhúinteoirí chun measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar inniúlachtaí agus ar dhul chun cinn na leanaí maidir le léamh, scríbhneoireacht, litriú agus teanga labhartha. Ansin is féidir le múinteoirí feidhmíocht na leanaí sa teanga labhartha, sa scríbhneoireacht agus sa léitheoireacht a chomhoiriú le gníomhaíochtaí agus straitéisí cuí agus ábhartha le haghaidh foghlama.

Déanann DEIS iarracht roinnt tionscnamh ar leithligh a thabhairt le chéile ar bhealach comhleanúnach chun torthaí foghlama a fheabhsú do dhaltaí. Aithníonn DEIS go mbaineann éagsúlacht le cúinsí na scoileanna difriúla, agus go mbíonn ar scoileanna freagraí éagsúla a thabhairt ar riachtanais a ndaltaí agus a bpobal.

I gcoirílár an tionscnaimh DEIS tá an deis agus t-éileamh ar scoileanna a gcuid riachtanas féin a chinneadh, a spriocanna féin a leagadh amach, agus an úsáid is fearr dar leo féin a bhain as acmhainní. I measc na bpríomhréimsí ina mbítear ag súil go bhfeabhsóidh scoileanna agus iad ag fáil tacaíochta ón tionscnamh DEIS tá feabhas ar thorthaí litearthachta agus uimhearthachta. Leagtar béim láidir ar scoileanna ag bunú a gcuid sonraí bonnlíne, ag leagadh amach spriocanna gnóthachtálacha agus gníomhartha, agus ag déanamh monatóireachta ar na torthaí.

5.3 Ceachtanna ó thaithí DEIS

I ndiaidh DEIS a sheoladh choimisiúnaigh an Roinn an Ionad Taighde Oideachais chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar bhearta agus ar thacaíochtaí soláthartha do scoileanna faoi DEIS. Fad is atáthar ag fanacht leis an gcéad tuarascáil iomlán den mheasúnú, tá roinnt faisnéise tagtha chun cinn a thugann le tuiscint go mbíonn éifeacht dearfach ag réimse tacaíochtaí a sholáthraítear do scoileanna. Mar shampla, léiríonn na táscairí luatha go bhfuil ag éirí le scoileanna foghlaim na ndaltaí a mbíonn na fadhbanna is mó acu le litearthacht (iad siúd atá ag nó faoi bhun an 10^ú peircintíl sa litearthacht) a fheabhsú. Táthar ag súil freisin go gcuirfidh an tuarascáil rannpháirtíocht dearfach de chuid pearsanra na scoile leis an réimse tacaíochtaí a sholáthraítear faoin gclár tacaíochta scoile in iúl.

Chomh maith leis sin léiríonn fianaise ó mheasúnuithe Cigireachta ar scoileanna DEIS go bhfuil ag éirí le roinnt scoileanna spriocanna réalaíocha a leagadh amach le

Breith ar an Matamaitic [Maths Recovery]

Forbraíodh an Clár um Breith ar an Matamaitic mar fhreagra sistéamach ar an bhfadhb le teip ainsealach sa mhataimaitice scoile. Téann daltaí de chuid Breith ar an Matamaitic (sé nó seacht go hiondúil) faoi thimthriall teagaisc a mhaireann idir deich agus cúig seachtaine déag ar fhad. Sna timthriallacha teagaisc seo déantar na daltaí a theagasc ar feadh triochoa nóiméid in aghaidh an lae, ceithre nó cúig lá sa tseachtain. Tá an idirghabháil luath seo tábhachtach toisc go gcuireann sé deis ar fáil do dhaltaí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil sula n-éiríonn an bearna idir a gcuid eolais agus eolas na ndaltaí meánacha agus ardhgnóthaithe róleathan agus sula bhfaigheann siad taithí ar theip iomarcach.

Ready Set Go Maths

Is clár idirghabhála é *Ready, Set, Go-Maths* a chuimsíonn lámhleabhar praiticiúil treorach do mhúinteoirí maidir le húsáid a bhaint as réimse leathan gníomhartha agus ábhar chun cur ar a gcumas cáilíocht agus éifeachtúlacht na luathfoghhlama san uimhearthacht a fheabhsú do leanaí a mbíonn deacrachtaí acu le matamaitic. Rinneadh forbairt ar an gclár agus ar lámhleabhar acmhainní do mhúinteoirí i dTuaisceart Éireann ag deireadh na 1990aidí. Tá an lámhleabhar dáilte ag an Roinn ar na scoileanna uile ag baint úsáide as an gclár. Tá oiliúint curtha ar na scoileanna banda uirbeacha DEIS go léir maidir le *Ready Set Go Maths*.

haghaidh feabhsaithe agus na hacmhainní a úsáid chun na feabhsuithe beartaithe sin a sheachadadh. Ní bhíonn gach scoil rathúil áfach, d’ainneoin dúshlán cosúla a bheith os a gcomhair agus tacaíochtaí cosúla a fháil. Dá bhrí sin tá sé níos tábhachtaí fós dea-chleachtas maidir le húsáid acmhainní DEIS a scaipeadh agus dúshlán a chur faoi na scoileanna go léir chun na torthaí is fearr a sheachadadh d’fhoghlaimoirí.

5.4 Gníomhartha i ndáil le gnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú i scoileanna atá ag freastal ar phobail faoi mhíbhuntáiste

Leanfaidh DEIS ag tacú le leanaí agus le pobail scoile atá ag feidmiú i gcomhthéacsanna sóisialta agus geilleagracha dúshlánacha. Leanfar ag cur feabhsú na litearthachta agus na huimhearthachta in ord tosaíochta sna scoileanna seo. Tabharfaimid faoi:

Leanúint le tacaíocht a thabhairt do litearthacht, d’uimhearthacht agus d’fhorbairt teanga feabhsaithe i scoileanna DEIS	
<ul style="list-style-type: none"> • Leanúint ag tacú le litearthacht, le huimhearthacht agus le forbairt teanga feabhsaithe na leanaí i mbunscoileanna uirbeacha Banda 1 agus 2 de chuid DEIS • I bhfianaise na measúnuithe úrnua i scoileanna DEIS a chuireann luach na hidirghabhála luaithe in iúl, díreofar soláthar na hidirghabhála DEIS ar an tsraith shóisearach luath i scoileanna iar-bhunscoile • Soláthar na forbartha gairmiúla litearthachta agus uimhearthachta do mhúinteoirí i scoileanna DEIS a neartú trí obair na foirne fiche comhairleoir um fhorbairt litearthachta a dtagraítear dóibh i gcuid 2.4 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Leanúnach</p>

Leagadh amach spriocanna, measúnú agus féinmheasúnú i scoileanna DEIS a fheabhsú agus le haghaidh daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste i scoileanna eile	
<ul style="list-style-type: none"> • I bhfianaise na measúnuithe úrnua i scoileanna DEIS, déanfar athbhreithniú ar agus neartófar na tacaíochtaí maidir le leagadh amach spriocanna chun dea-chleachtas i bpleanáil agus leagadh amach spriocanna a aithint agus a fheabhsú d’fhonn a chinntiú go mbaineann scoileanna 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS agus scoileanna</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Leanúnach</p>

<p>tairbhe uasta as an bpróiseas. Díreoidh an t-athbhreithniú ar phleanáil, tomhas, seachadadh agus measúnú agus athbhreithniú</p> <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go gcuireann scoileanna rianú, measúnú agus anailís ar ghnóthachtálacha na ndaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste in ord tosaíochta chun críocha múnlaiteacha agus suimitheacha araon 	
---	--

Clár forbartha teanga labhartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme i réamhscoileanna atá nasctha le bunscoileanna DEIS

<ul style="list-style-type: none"> • Forfheidhmiú an chláir forbartha teanga labhartha a chur in ord tosaíochta i réamhscoileanna (lena n-áirítear aonaid Túis Luaith) a fheidhmíonn mar réamhscoileanna friothálacha do scoileanna DEIS Banda Uirbeach 1. Chuimseodh an clár seo: <ul style="list-style-type: none"> ○ Clár oiliúnú an oiliúnóra i gclár forbartha teanga labhartha cruthaithe. ○ Forbairt ghairmiúil leanúnach le haghaidh foirne réamhscoile chun na scileanna riachtanacha maidir le teicnící measúnaithe agus clár forbartha teanga labhartha cruthaithe a ghnóthú • Leanúnachas a chinntiú idir chláir forbartha teanga labhartha i naíonraí agus i seomraí ranga na naíonán shóisearach 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS agus NCCA</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> 2012-13</p>
---	--

5.5 Ag tacú le leibhéil ghnóthachtála feabhsaithe do dhaltaí a bhfuil an Béarla mar theanga breise acu

Tháinig 10 faoin gcéad de dhaltaí bunscoile agus thart ar 12 faoin gcéad de dhaltaí iar-bhunscoile ó chúlra imirceach (2009/10). Tá na huimhreacha ag méadú le deich mbliana anuas. Léiríonn taighde go bhfuil daltaí imirceacha i mbeagnach gach iar-bhunscoil agus go bhfuil siad i 60 faoin gcéad de bhunscoileanna. Tagann daltaí

inimirceacha ó níos mó 160 tír agus tá suas le 200 teanga acu. Meastar nach bhfuil Béarla mar theanga dúchais ag 70 go 75 faoin gcéad de na daltaí seo.

Caitheann an Roinn suas le €100m in aghaidh na bliana i láthair na huairé chun tacaíochtaí a sholáthar don Bhéarla mar theanga breise trí 1,500 múinteoir an Bhéarla mar Theanga Breise a chur ar fáil sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile. Tá forbairt ghairmiúil leanúnach soláthartha do scoileanna trí mheán na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí. Tá acmhainní suntasacha ar fáil do scoileanna agus do thuismitheoirí ar féidir teacht orthu ar shuíomh gréasáin an NCCA agus trí AIM – stór eolais ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

In Éirinn, tá ag éirí go maith le daltaí inimirceacha i gcomparáid le daltaí imirceacha i dtíortha eile. Ag tarraingt ar thaithí de chuid tíortha éagsúla áfach, tá béim leagtha ag an OECD ar an gá le hacmhainní a dhíriú ar dhaltaí imirceacha ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle nach bhfuil Béarla acu. Cuirtear in iúl freisin go léiríonn taithí i dtíortha eile go m'fhéidir nach bhfeidhmeodh daltaí inimirceacha chomh maith lena dtuismitheoirí ná lena bpiaraí.

D'fhéadfadh gnóthú teanga cumarsáide easnamh i scileanna teanga acadúla atá riachtanach chun a bheith rathúil ar scoil a chumhdach. Baineann sé seo ach go háirithe le daltaí nach bhfuil Béarla acu agus le daltaí Éireannacha ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle freisin. Is ionann bacainne eile do dhaltaí inimirceacha agus easpa eolais a dtuismitheoirí ar chóras oideachais na hÉireann.

Tá ról na múinteoirí *uile* i dtacú le forbairt teanga ina n-ábhar féin ríthábhachtach do ghnóthú teanga, go háirithe maidir le múinteoirí speisialtóra ábhair ar leibhéal na hiar-bhunscoile.

5.6 Gníomhartha chun leibhéal ghnóthachtála a fheabhsú do dhaltaí a bhfuil an Béarla mar theanga breise acu

Leasóimid an béim i ndáil le leithdháileadh na n-acmhainní eiseacha, agus spreagfaimid breis úsáide sprioctha dá gcuid, do dhaltaí a bhfuil an Béarla mar theanga breise (BTB) acu. Tabharfaimid faoi:

Díriú na n-acmhainní BTB a fheabhsú	
<ul style="list-style-type: none">• Forbairt ar thorthaí an staidéir um Luach ar Airgead maidir le soláthar BTB agus, caiteachas le haghaidh tacaíochtaí do dhaltaí BTB a athchur in ord tosaíochta chun cuidiú le forbairt scileanna múinteora agus le cumas scoile uile ar	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i></p>

<p>BTB agus ar chomhtháthú; leis seo leithdháilfear céatadán níos mó den mhaoiniú agus den phearsanra infhaighte ar FGL i ndáil le BTB agus saincheisteanna comhtháthaithe (ní hamháin do mhúinteoirí BTB, ach do gach múinteoir, lena n-áirítear treoirchomhairleoirí, agus príomhoidí) agus laghdófar líon na múinteoirí a leithdháiltear ar scoileanna le haghaidh tacaíochta BTB</p>	<p>2012</p>
--	-------------

Treoir do scoileanna maidir le dea-chleachtas i dteagasc daltaí a bhfuil an Béarla (nó an Ghaeilge) mar dhara teanga acu a fheabhsú

<ul style="list-style-type: none"> • Cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid na dtreoirlínte infhaighte agus acmhainní eile ar líne do scoileanna maidir le dea-chleachtas i dtacú le daltaí BTB • Spreagadh a thabhairt do mhúinteoirí (BTB, ach go háirithe) aird chuí a thabhairt do thábhacht an mháthairtheanga. Ba chóir daltaí imirceacha a spreagadh chun ceangal a choimeád lena máthair-chultúr agus máthairtheanga de bharr go gcuireann feabhas ar oilteacht an mháthairtheanga feabhas ar a gcuid inniúlachta sa Bhéarla freisin 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS i gcomhar le NCCA agus scoileanna</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Leanúnach</p>
---	--

Scoileanna a chumasú chun anailís a dhéanamh ar shonraí gnóthachtála do dhaltaí BTB mar chuid dá n-anailís foriomlán ar ghnóthachtáil daltaí

<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go gcuireann scoileanna rianú, measúnú agus anailís ar ghnóthachtálacha na ndaltaí BTB in ord tosaíochta chun críocha múnlaiteacha agus suimitheacha araon (soláthróidh úsáid an <i>Fheisteáin Mheasúnaithe</i> eolas maidir le cibé an bhfuil daltaí BTB ag gnóthú eolais, scileanna, tuisceana, meoin agus muiníne chun a bheith oilte i dteanga cumarsáideach agus acadúil) 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> Stiúrfaidh scoileanna cur chun feidhme an bheirt seo mar chuid de shocruithe feabhsaithe do mheasúnú na ndaltaí uile mar a phléitear i gcaibidil 6. Ceann de phríomhstraitéisí na scoileanna in úsáid na sonraí measúnaithe ná rianú agus pleanáil a</p>
---	--

<ul style="list-style-type: none"> • Boird bhainistíochta agus pobail scoile a spreagadh chun cur chuige scoile uile a ghlacadh agus a mhonatóiriú i leith timpeallacht scoile dearfaí a chruthú inar féidir le gach dalta, lena n-áirítear imircigh, a bheith rannpháirteach go hiomlán ina n-eispéireas oideachais (sóisialta agus acadúil araon) 	<p>dhéanamh ar sholáthar do ghrúpaí leochaileacha cosúil le daltaí BTB, mar chuid de phróiseas féinmheasúnaithe na scoileanna.</p> <p><i>Arna thacú ag</i> Tacaíochtaí le cúnamh ón ROS le haghaidh measúnaithe na ndaltaí agus féinmheasúnaithe scoile feabhsaithe</p>
--	---

A chinntiú go ndéileáiltear le riachtanais litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí BTB in oideachas bunúsach na múinteoirí agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí

<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go n-ullmhaíonn cúrsaí oideachais tosaigh le haghaidh múinteoirí na múinteoirí chun oibriú le daonra dalta éagsúil, ina mbeidh roinnt daltaí nach bhfuil Béarla (ná Gaeilge) mar mháthairtheanga acu • Coláistí agus oidí múinteora eile a spreagadh chun cáilíochtaí iarchéime a sholáthar le haghaidh teagaisc BTB 	<p><i>Freagracht as an ghnímh seo:</i></p> <p>An Chomhairle Múinteoireachta agus soláthraithe ITÉ</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i></p> <p>Ba cheart go dtarlódh athbhreithnithe an ábhair ITE go comhthreomhar le leasuithe eile na gcúrsaí ITE</p>
--	---

5.7 Ag tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta san Ógtheagmháil

Ó cuireadh ar bun í sna 1980aidí, tá Ógtheagmháil ina gné ríthábhachtach den chóras oideachais, ag freastal ar dhaltaí a fhágann an scoil go luath, agus anois freastalaíonn sí ar bheagnach 6,000 foghlaimeoir in Ionaid Ógtheagmhála CGO agus in Ionaid Oiliúna Pobail FÁS ar bhonn náisiúnta. Tá deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta suntasacha ag céatadán suntasach de na foghlaimeoirí in Ógtheagmháil. Bhreathnaigh measúnú úrnua ag an gCigireacht ar sholáthar oideachais in ionaid Ógtheagmhála gurb é ceann de na dúshláin is mó atá os comhair Ógtheagmháil ná scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt, agus go raibh leibhéal tacaíochta gairmiúla níos airde agus díriú níos mó ar riachtanais na

bhfoghlaimoirí aonair ag teastáil le haghaidh soláthar na litearthacht agus na huimhearthachta.

San Ógtheagmháil, is creat solúbtha é an curaclam ar a ndéantar forbairt ar ghníomhaíochtaí foghlama ach ba chóir, go háirithe, don churaclam a bheith ábhartha, dúshlánach agus samhlaíoch. Áirítear i ndea-chleachtas forbairt a dhéanamh ar phlean gníomhaíochta aonair, foriomlán a fhorbraíonn ábhair spéise agus inniúlachtaí agus a dhearbhaíonn agus a cheanglaíonn an foghlaimoir. Baintear úsáid as modheolaíochtaí iolracha agus gníomhartha comhtháite cosúil le tionscadail foirne agus idirdhisciplíneacha. Comhtháthaítear gnéithe cosúil le forbairt phearsanta, treoir, scileanna bunúsacha agus cur chun cinn sláinte sa churaclam i gcoitinne agus spreagtar nuálaíocht agus cruthaitheacht i gcaitheamh an churaclaim. Go háirithe, tá cur chuigí ionaid uile comhtháite i leith na litearthachta agus na huimhearthachta agus i leith na forbartha pearsanta ríthábhachtach.

Tá forbairt litearthachta agus uimhearthachta mar ghné lárnach de Chlár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh (CSTS) a bhfuil rath léirithe aige i ndáil le freastal go solúbtha ar riachtanais na bhfoghlaimoirí aonair san oideachas príomhshrutha. Ina theannta sin, tá fáil éasca ar shaineolas agus tacaíocht. Sa chomhthéacs sin, bheadh sé feiliúnach a chur ar chumas na n-ionad Ógtheagmhála chun an clár CSTS a thairiscint mar chuid de churaclam solúbtha agus de chur chuige ionaid uile comhtháite. Thabharfadh sé seo fócas freisin d'oilíúint na foirne Ógtheagmhála maidir le teagasc agus dul chun cinn a mheas i litearthacht agus in uimhearthacht.

5.8 Gníomhartha chun gnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta san Ógtheagmháil a fheabhsú

Ní mór dúinn teagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta in ionaid Ógtheagmhála a fheabhsú. Tabharfaimid faoi:

Feabhsú an tsoláthair do theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta in ionaid Ógtheagmhála	
<ul style="list-style-type: none">• Tacaíocht oiliúna agus ar líne a sholáthar d'fhoirne Ógtheagmhála agus Ionaid Oilíúna Pobail i bhforbairt na gcur chuigí ionaid uile i leith pleanála agus leagadh amach spriocanna• Tacaíocht oiliúna agus ar líne a sholáthar d'fhoirne Ógtheagmhála agus Ionaid Oilíúna Pobail chun teagasc agus measúnú na litearthachta agus na huimhearthachta a fheabhsú d'fhoghlaimoirí	<i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS, FÁS, CGOanna, ionaid Ógtheagmhála agus Ionaid Oilíúna Pobail

<ul style="list-style-type: none">• Cur chun feidhme CSTS a chumasú in ionaid Ógtheagmhála• Méadú a dhéanamh ar líon na bhfoghlaimoirí Ógtheagmhála agus Ionaid Oiliúna Pobail a bhaineann amach teastais i gcúrsaí ina bhfuil litearthacht agus uimhearthacht ina bpríomhghnéithe	<i>Spriocdháta tásca:</i> 2011-2012
---	--

6. AG COTHÚ FEABHSÚ LEANÚNACH I LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT I SCOILEANNA

6.1 Féadfaidh eolas ar cé chomh maith atá daltaí ag foghlaim cabhrú linn chun a gcuid gnóthachtála a fheabhsú

Is gnéithe ríthábhachtacha i gcinntiú go ndéanann gach dalta dul chun cinn maith i ngnóthú litearthachta agus uimhearthachta iad fianaise a bhailiú ar cé chomh maith atá daltaí ag foghlaim, agus an t-eolas sin a úsáid chun na deiseanna foghlama a sholáthraítear dóibh a fheabhsú. Ba chóir tús a chur leis an bpróiseas seo ina mbailítear agus úsáidtear sonraí measúnaithe ag leibhéal an dalta aonair chun cur ar chumas an mhúinteora teagasc a athrú in oiriúint do riachtanais na bhfoghlaimoirí agus chun an dul chun cinn atá á dhéanamh acu a chur in iúl dóibh agus dá dtuismitheoirí.

Caithfear sonraí measúnaithe a bhailiú agus a úsáid ag leibhéal na scoile freisin, ionas gur féidir le príomhoidí, múinteoirí agus boird bhainistíochta an t-eolas seo a úsáid chun cé chomh maith agus atá foráil á dhéanamh do riachtanais litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí aonair agus na ngrúpaí daltaí sa scoil a aithint chomh maith le conas is fearr is féidir foghlaim sa scoil a fheabhsú.

Tá gá le sonraí measúnaithe freisin chun eolas a chur ar fáil do bheartas oideachais náisiúnta le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta agus chun bealaí a aithint chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an chórais scoile. Caithfear feabhas suntasach a chur ar bhailiú agus ar anailís an eolais faoi fhoghlaim na ndaltaí i litearthacht agus in uimhearthacht.

6.2 Cur chuigí reatha i ndáil le measúnú i mbunscoileanna

Déanann *Curaclam na Bunscoile* foráil i leith réimse cur chuigí measúnaithe a úsáid i seomraí ranga ar féidir cabhrú le múinteoirí chun faisnéis a bhailiú ar cé chomh maith atá daltaí ag foghlaim. Is ionann dea-chleachtas sa mheasúnú agus modhanna measúnaithe éagsúla a úsáid d'fhonn íomhá iomlán de ghnóthachtáil an fhoghlaimora a sholáthar. I gcaitheamh gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama leagann múinteoirí amach trialacha nó ceapann siad tascanna chun an dul chun cinn atá déanta ag daltaí a mheas agus chun cuidiú le pleanáil i ndáil leis an gcaoi inar chóir an chéad chéim foghlama eile a struchtúru agus a eagrú. Úsáideann múinteoirí an fhianaise neamhfhoirmiúil seo chun aiseolas a sholáthar do dhaltaí ar a gcuid foghlama agus chun tuiscint a thabhairt dóibh go bhfuil siad ag déanamh dul chun cinn chomh maith le feacht ar a gcuid láidreachtaí mar fhoghlaimoir.

Éilíonn Ciorclán ROS 138/2006 ar bhunscoileanna measúnú a dhéanamh ar ghnóthachtáil i léitheoireacht Béarla agus sa mhatamaitice ag deireadh rang a haon *nó* ag tús rang a dó, *agus* ag deireadh rang a ceathair *nó* ag tús rang a cúig ag baint úsáide as trialacha caighdeánaithe. Úsáideann mórán scoileanna trialacha dá leithéid ag céimeanna eile sa bhunscoil, ach sonraítear íosmhéid de dhá uair, in éineacht le riachtanas go gcuirfí torthaí na trialacha seo in iúl do thuismitheoirí. Tá nótaí eolais foilsithe ag an NCCA do thuismitheoirí i ndáil le conas torthaí na trialacha seo a thuiscint.

Tá rochtain ag scoileanna freisin ar thuarascálacha foilsithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas maidir le measúnuithe náisiúnta ar léitheoireacht agus ar mhatamaitice atá dírithe le déanaí ar ghnóthachtáil sa dara agus sa séú rang agus a thugann léargas do scoileanna ar ghnóthachtáil ag an leibhéal náisiúnta.

6.3 Conas a úsáidtear fianaise measúnaithe ag leibhéal na bunscoile?

Is é ceann de na tascanna is dúshlánaí sa mhúinteoireacht ná fianaise fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar ghnóthachtáil a úsáid go héifeachtach. Fad is a bhíonn an-suim ag múinteoirí i bhfianaise ar ghnóthachtáil, agus pléifidh siad í ag leibhéal na scoile, níl sé chomh dóchúil go mbainfidh siad úsáid aisti sa rang chun foghlaim na ndaltaí a phleanáil.

Chuir an tuarascáil 2009 ar *Mheasúnú Náisiúnta na Matamaitice agus na Léitheoireachta Béarla* in iúl gur, cé go ndéantar plé forleathan ar thorthaí trialacha caighdeánaithe i gcruinnithe foirne, b'annamh a úsáideadh fianaise ó na trialacha chun spriocanna a leagadh amach do ranganna nó don scoil. Níor úsáideadh í ach oiread chun na cur chuigí a d'fhéadfaí a úsáid i ndáil le teagasc agus foghlaim a threorú. Cuireann tuarascálacha MSU na Cigireachta in iúl freisin go mbaintear úsáid teoranta as torthaí na dtrialacha caighdeánaithe ag leibhéal an ranga chun láidreachtaí agus laigí a aithint agus chun cur chuigí teagaisc a nascadh leis na riachtanais foghlama a aithnítear sna trialacha.

Is cosúil gur laige eile í tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí. Fuair suirbhé a chuir taighdeoirí ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh i gcrích thar ceann an NCCA in 2008 nach bhfuil beartas scríofa ar thuarascálacha scoile ach ag os cionn an cheathrú cuid de scoileanna agus nach soláthraíonn an séú cuid de scoileanna tuarascáil scríofa do thuismitheoirí. Fuair tuarascáil ar suirbhé curtha i gcrích ag Cumann Múinteoirí Éireann in 2010 nár tuairiscíodh torthaí na dtrialacha caighdeánaithe do thuismitheoirí i 21 faoin gcéad de scoileanna, agus nár tugadh aiseolas briathartha ach i 56 faoin gcéad acu. Tá sé seo bunoscionn ó threoir an Chiorcláin ROS 138/06 (ag éileamh ar scoileanna triailscóir chaighdeánaithe a sholáthar ag dhá phointe sonraithe chomh

maith le torthaí measúnaithe gaolmhara eile do thuismitheoirí) agus le ceart na dtuismitheoirí (faoin Acht Oideachais, 1998) rochtain a fháil ar eolas a bhaineann le dul chun cinn a linbh.

Ní haon ionadh a bhreathnú go mbíonn easpa tuisceana cruinne ag thuismitheoirí uaireanta ar cé chomh maith atá a leanbh ag dul chun cinn ar scoil. Fuair an tuarascáil 2009 ar Mheasúnuithe Náisiúnta nár léirigh níos mó ná leath na ndaltaí i rang a sé ráitithe mar *go maith ag léamh* ag a dtuismitheoirí ach na scileanna léitheoireachta is bunúsáí.

6.4 Ag baint úsáide níos fearr as fianaise measúnaithe ag leibhéal na bunscoile

Tá sé soiléir gur féidir úsáid níos fearr a bhaint as fianaise ar ghnóthachtáil daltaí a bhailíonn múinteoirí agus scoileanna i láthair na huaire. Ceann de na dúshlán is casta ná tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun an fhianaise a bhailíonn siad sna seomraí ranga agus ar scoil a úsáid chun cuidiú leis na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim na ndaltaí agus chun spriocanna a leagadh amach don fhoghlaim sin.

Áiríonn *Curaclam na Bunscoile* na mílte cuspóirí ábhair ach ní chuimsíonn sé aon eolas faoi cad ba chóir a bheith ar eolas ag dalta nó cad ba cóir dó/di a bheith in ann a dhéanamh ag gach leibhéal den bhunoideachas. Tá sé léirithe ag aiseolas ó mhúinteoirí go mbíonn sé deacair gnóthachtáil na ndaltaí a mheas agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh dul chun cinn na ndaltaí de bharr na neamhchinnteachta seo.

Caithfear a chinntiú go mbíonn rochtain ag múinteoirí ar fhíorshamplaí de ghnóthachtáil na ndaltaí ag gach leibhéal den churaclam ionas gur féidir leo breithiúnais eolasacha a dhéanamh faoi rath foghlama agus riachtanais a gcuid daltaí. Dá bharr sin, caithfear samplaí a sholáthar do mhúinteoirí de cad ba chóir a bheith ar eolas ag daltaí nó cad ba chóir dóibh a bheith in ann a dhéanamh ag gach leibhéal den churaclam. Soláthróidh curaclam atá scríofa ag úsáid torthaí foghlama soiléire, á dtacú ag samplaí de ghnóthachtáil na ndaltaí ag gach leibhéal, caighdeáin náisiúnta láidre a bheidh múinteoirí in ann a úsáid chun breithmheas a thabhairt agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn a ndaltaí. Agus soláthróidh na caighdeáin náisiúnta seo treoir do mhúinteoirí i ndáil le pleanáil na chéad chéimeanna do gach foghlaim agus ba cheart go mbeidh gnóthachtáil na ndaltaí níos fearr mar thoradh. Tá roinnt réamhoibre ar athbhreithniú churaclaim an Bhéarla ag leibhéal na bunscoile agus ar fhorbairt chaighdeáin dá leithéid tosaithe ag an NCCA, agus ba chóir comhlánú na gcaighdeán do theanga agus matamaitice a chur in ord tosaíochta.

6.5 Ag giniúint fianaise níos fearr chun tacú le teagasc agus foghlaim ag leibhéal na bunscoile

Cuirfidh na caighdeáin náisiúnta sonrathite i dtorthaí foghlama soiléire sa churaclam athbhreithnithe agus sna samplaí de ghnóthachtáil na ndaltaí ar chumas na múinteoirí machnamh a dhéanamh ar conas atá ag éirí lena ndaltaí i gcoibhneas le cad lena mbítear ag súil leis ag gach leibhéal sa bhunscoil. Mar sin féin, i láthair na huaire tá blúire fianaise ríthábhachtach nach bhfuil ar fáil do mhúinteoirí, agus níl sé ar fáil don chóras i gcoitinne: níl aon fhianaise againn ar conas atá ag éirí le daltaí eile *cosúil lenár ndaltaí féin* i scoileanna eile *cosúil lenár scoileanna féin*.

Baineann triailscóir chaighdeánaithe i litearthacht agus in uimhearthacht leis an ngnóthachtáil ionchais do na daltaí uile d'aois nó rang áirithe, ach ní chuireann siad tosca comhthéacs scoile san áireamh. Tá fianaise *cosúil linne* difriúil. Thabharfadh fianaise *cosúil linne* rochtain do scoileanna ar eolas faoi leibhéal ghnóthachtála na ndaltaí i scoileanna “comhoiriúnaithe”. Mar shampla, thabharfaí rochtain do scoil ina bhfuil 250 dalta le stádas DEIS banda 2 i gceantar uirbeach agus sa chás nach é an Béarla an chéad teanga ag 25 faoin gcéad de na daltaí ar fhianaise gnóthachtála bailithe i scoileanna eile den chineál seo.

Ghinfí an fhianaise sin trí mheán trialacha gnóthachtála caighdeánaithe a riarfaí i scoileanna i dtreo deireadh céime den churaclam nó ag pointí tábhachtacha aistrithe na ndaltaí. I dtosach báire, d'fhéadfadh na trialacha seo a bheith bunaithe ar shampla mhór scoileanna, ach de réir mar a chuirtear an tionscnamh *Scoileanna Cosúil Lenár Scoileanna [Schools Like Ours]* i bhfeidhm, leathnófaí iad chuig gach scoil ionas go mbeadh rochtain ag gach scoil ar a cuid sonraí féin chomh maith le sonraí ó na scoileanna “comhoiriúnaithe”. Bheadh na trialacha nasctha le *Curaclam na Bunscoile*, agus chuirfeadh na caighdeáin bainteach leis an gcuraclam eolas ar fáil le haghaidh a gcuid forbartha. Ansin bheadh a cuid sonraí féin agus sonraí comhiomlána ó scoileanna cosúla ag gach scoil. D'fhéadfadh príomhoidí, múinteoirí agus boird bhainistíochta é seo a úsáid chun cuidiú le breithiúnais a dhéanann siad agus iad i mbun measúnaithe ar a gcuid oibre agus chun spriocanna dúshlánacha a leagadh le haghaidh feabhsaithe. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag gach scoil go mbeadh a gcuid daltaí ag gnóthú sa litearthacht agus san uimhearthacht sa scoil ar aon leibhéal leo siúd sa scoileanna barr feabhais ag feidhmiú i gcomhthéacsanna comhchosúla. Ba cheart do gach scoil spriocanna uailmhianacha, ach réalaiócha, a leagadh chun a ngnóthachtáil foriomlán i ndáil le litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú.

Baineann *Scoileanna Cosúil Lenár Scoileanna* le fianaise níos fearr a bhailiú ar conas atá ag éirí le daltaí, le húsáid ag scoileanna agus múinteoirí chun cabhrú le daltaí a bheith níos fearr ar scoil. Is cinnte nach mbaineann sé le “táblaí sraithe” a fhoilsiú ná le scoileanna a rang-ordú. Níl breis oibre do mhúinteoirí i gceist ach oiread. Ní

bheadh ar mhúinteoirí ná ar scoileanna ach na trialacha a riar. Dhéileálfadh aonad lárnach, ag feidhmiú thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna, le gach aon ní eile.

Soláthróidh *Scoileanna Cosúil Lenár Scoileanna*, fiú mura mbaileofaí ach ó shampla leathan scoileanna gach bliain, íomhá náisiúnta ar deireadh gach bliain bhunoideachais i gcineálacha scoileanna éagsúla. D'fhéadfadh sonraí do scoileanna aonair cabhrú chun eolas a chur ar fáil le haghaidh féinmheasúnaithe agus measúnaithe seachtraí scoile agus d'fhéadfaí sonraí náisiúnta comhiomlána a fhoilsiú go tréimhsiúil. Ní thabharfaidh na sonraí seo le fios gach rud atá ag tarlú i mbunscoileanna. Beidh siad bunaithe ar thorthaí ar thrialacha nach mbeidh in ann ach cuid den mhéid atá foghlamtha ag daltaí a léiriú, ach cabhróidh siad linn tuiscint níos fearr a bheith againn ar cad atá ag feidhmiú go maith agus cad atá le feabhsú i bhfoghlaim litearthachta agus uimhearthachta na leanaí.

6.6 Cur chuigí reatha i ndáil le measúnú in iar-bhunscoileanna

Tá bearnaí agus laigí suntasacha i measúnú na litearthachta agus na huimhearthachta ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Riarann iar-bhunscoileanna áirithe trialacha caighdeánaithe nó ceaptha ag an scoil ar litearthacht agus uimhearthacht do dhaltaí ag teacht isteach sa scoil, sula dtosaíonn an dalta sa chéad bhliain nó i rith na chéad seachtainí san iar-bhunscoil. Thuairiscigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) go raibh 24 triail éagsúil á úsáid sa sampla scoileanna ina staidéar siúd ar an tsraith shóisearach.

Go ginearálta, is don roinn teorach nó tacaíochta foghlama í an fhianaise ar fhoghlaim a bhailítear ó na trialacha úsáidte ag tús an iar-bhunoideachais den chuid is mó, agus ní roinntear í go forleathan i measc na múinteoirí sa scoil. Is iondúil go mbíonn an t-aistriú eolais ón mbunscoil faoi cad atá foghlamtha ag leanaí i gcoitinne, agus faoina gcuid foghlama sa litearthacht agus san uimhearthacht, treallach den chuid is mó agus uaireanta is starógach amháin a bhíonn sé. Ní haon ionadh mar sin, gur bhreathnaigh an ESRI nuair a chuir siad triail ar na daltaí i ndáil lena bhfoghlaim i litearthacht agus uimhearthacht i dtosach agus ag deireadh na chéad bliana, nach raibh aon dul chun cinn déanta ag an tromlach acu, agus go raibh roinnt acu faighte níos measa fiú.

Cé go bhfuil gá ag daltaí le scileanna litearthachta agus uimhearthachta chun teacht ar an gcuraclam agus ar scrúduithe sa tsraith shóisearach, níl aon *scrúdú* per se i scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Cé go bhfuil an-bhéim leagtha ag Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh ar gach múinteoir ag feidhmiú mar mhúinteoirí litearthachta agus uimhearthachta, go ginearálta, measann múinteoirí iar-bhunscoile go mbaineann

litearthacht leis an roinn Béarla nó le roinn na tacaíochta foghlama, agus go mbaineann uimhearthacht le múinteoirí na matamaitice.

Go híorónta, de réir mar a ghluaiseann daltaí tríd an córas agus i dtreo na scrúduithe bíonn níos lú fianaise ar fáil faoina gcuid dul chun cinn i ndáil le litearthacht agus uimhearthacht. Tá trí chúis féideartha leis an bhfáth go bhféadfadh a leithéid tarlú. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfaí go bhfuil iontaoibh iomarcach ar scrúdaithe sa chóras iar-bhunscoile aon fhianaise ábhartha ar fhoghlaim a ghiniúint. Ar an dara dul síos, feidhmíonn deighilt an chórais idir oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile mar dídhreasacht chun fianaise a roinnt idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar cad atá á fhoghlaim ag daltaí agus conas atá siad á fhoghlaim. Ar deireadh, d'fhéadfadh go bhfuil tuiscint earráideach ann gur chóir do litearthacht agus d'uimhearthacht a bheith “críochnaithe” faoi deireadh na bunscoile.

6.7 Ag aistriú fianaise an mheasúnaithe ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na hiar-bhunscoile

Caithfidh foghlaim na ndaltaí i litearthacht agus uimhearthacht sa tsraith shóisearach forbairt a dhéanamh ar an méid agus ar an gcaoi a d'fhoghlaim siad sa bhunscoil. Ba chóir na triailscóir chaighdeánaithe atá tuairiscithe do thuismitheoirí cheana féin i dtreo deireadh an bhunoideachais, tuarascáil scríofa ar ghnóthachtáil i roinnt réimsí lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht, agus b'fhéidir punann dalta-forbartha de shamplaí oibre ón gcúigiú agus séú rang a aistriú chuig an iar-bhunscoil ábhartha. Baineann tábhacht ar leith leis seo más ionann an chéad bhliain agus bliain chun scileanna litearthachta, uimhearthachta agus foghlama a chomhdhlúthú mar chuid d'athchóirithe na sraithe sóisearaí.

Tá uainiú an aistrithe seo tábhachtach chun a chinntiú nach mbaineann aon ‘rioscaí’ leis. Ba chóir é a dhéanamh go luath i ndiaidh cláraithe agus nuair atá an chéad bhliain faoi lán seoil, ionas gur féidir le múinteoirí iar-bhunscoile aird chuí a thabhairt ar thrí fhoinsé fhianaise – na triailscóir, ráitis na múinteoirí, agus samplaí d'obair na ndaltaí b'fhéidir – agus iad ag pleanáil clár na sraithe sóisearaí agus ag rianú dul chun cinn na ndaltaí thar na trí bliana.

Cé go bhfuil cinneadh fós le dhéanamh maidir le formáid an tuairiscithe do thuismitheoirí sa tsraith shóisearach, bheadh sé cabhrach dá ndéanfaí forbairt ar chineál Teimpléid Chárta Tuairisce don chéim seo den oideachas. Bheadh formáid tuairiscithe dá leithéid úsáideach i gcinntiú comhsheasmhacht an tuairiscithe i measc scoileanna. Ba chóir litearthacht agus uimhearthacht a áireamh mar réimsí le haghaidh tuairiscithe.

6.8 Ag giniúint fianaise measúnaithe níos fearr ag leibhéal iar-bhunscoile

Is léir go bhfuil gá le béim nua a leagadh ar litearthacht agus uimhearthacht in iar-bhunscoileanna. Beidh gá ag múinteoirí, scoileanna, daltaí agus a dtuismitheoirí, chomh maith leis an gcóras oideachais, le fianaise go bhfuil an bhéim nua seo ag déanamh difríochta.

Ní chuirfear críoch leis an *tionscnamh Scoileanna Cosúil Lenár Scoileanna* sa bhunscoil ach leanfaidh sé go deireadh an oideachais éigeantaigh. Ag deireadh na dara bliana san oideachas iar-bhunscoile cuirfear trialacha litearthachta agus uimhearthachta ar shampla de dhaltaí agus de scoileanna i dtosach, ach le himeacht ama, ba chóir iad a leathnú chuig gach dalta. Beidh na trialacha seo caighdeánaithe ach nasctha leis na torthaí foghlama do churaclam na sraithe sóisearaí. Beidh rochtain ag scoileanna ar a dtorthaí féin, agus ar thorthaí na scoileanna a bhfuil clárú cosúil acu, is é sin bunscoileanna. Ba chóir go gcabhródh an fhianaise seo leis an scoil clár na sraithe sóisearaí dá cuid agus an dul chun cinn atá á dhéanamh ag daltaí i litearthacht agus in uimhearthacht a mheasúnú. Ba chóir go gcabhródh sé le scoileanna freisin clár na céad bliana agus dara bliana a dhearadh a thacaíonn le daltaí i ndul chun cinn i dtráth dá saol nuair atá sé éasca neamhaird a thabhairt, de réir taighde.

Mar aon le leibhéal na bunscoile, d'fhéadfaí sonraí iar-bhunscoile comhiomlána a úsáid chun íomhá náisiúnta a chruthú de cé chomh maith atá daltaí ag gnóthú na litearthachta agus na huimhearthachta, agus d'fhéadfaí é seo a thuairisciú go tréimhsiúil. Ní sholáthróidh na sonraí, bailithe thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna, íomhá iomlán d'obair scoileanna ach féadfaidh siad cuidiú le measúnú seachtrach ar scoileanna agus ar thionscnaimh bheartais trí chabhrú linn tuiscint níos fearr a bheith againn ar cad atá ag feidhmiú agus cad atá le feabhsú i bhfoghlaim litearthachta agus uimhearthachta na leanaí.

Tá athbhreithniú ar churaclam na sraithe sóisearaí agus ar scrúdú an Teastais Shóisearaigh ina n-ábhar comhairliúcháin faoi láthair. Is deis í seo chun a chinntiú go soláthróidh na curaclaim agus na scrúduithe nua a chuirtear i bhfeidhm na deiseanna is fearr is féidir do dhaoine óga chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt agus a chomhdhlúthú. Tá Tionscadal Mata ag tabhairt isteach athruithe an-suntasach i ndáil le curaclam na matamaitice cheana féin – athruithe atá deartha chun a chinntiú go nglacann daltaí páirt rathúil i ngach gné den mhatamaitic. Mar a pléadh níos luaithe áfach, tá gá le hathchóiriú suntasach a dhéanamh ar churaclam agus scrúdú an Bhéarla. Baineann dúshlán tábhachtach freisin le cinntiú go n-aithníonn múinteoirí na n-ábhar uile ag leibhéal na hiar-bhunscoile an gá bunriachtanach atá le cur le scileanna litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí. Ní hamháin go gcaithfear é seo a léiriú i gcáipéisí siollabais ach, ar bhonn níos tábhachtaí ná sin, sna

gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama sna ranganna, agus sna próisis mheasúnaithe a úsáidtear sa tsraith shóisearach freisin.

Níl aon chúis ann nach mbeadh rochtain ag scoileanna, le himeacht ama, ar shonraí scrúdaithe *Scoileanna Cosúil Lenár Scoileanna* do scrúdú athbhreithnithe an Teastais Shóisearaigh, ina gcuireann an scoil isteach formhór na ndaltaí. Léiríonn formhór scoileanna a gcuid torthaí scrúdaithe i gcoibhneas leis an bpátrún náisiúnta cheana féin. Bheadh sé níos úsáidí fós dá mbeadh rochtain ag scoileanna ar phátrúin de chuid scoileanna cosúla, ionas go mbeadh tuiscint acu ar conas atá ag éirí leo i gcoibhneas le scoileanna atá ag freastal ar na cineálacha pobal céanna i gcúinsí cosúla. Mar aon leis na sonraí eile maidir le *Scoileanna Cosúil Lenár Scoileanna*, cabhróidh anailís ar an eolas seo ar bhonn náisiúnta chun cuidiú le beartas agus chun eolas poiblí tábhachtach a sholáthar ar fhoghlaim litearthachta agus uimhearthachta.

6.9 Gníomhartha chun tacú le múinteoirí, scoileanna agus an córas scoile a chinntiú go ndéanann daltaí dul chun cinn i bhfoghlaim scoileanna litearthachta agus uimhearthachta

Oibreimid chun an t-eolas atá ag daltaí, múinteoirí, scoileanna agus an córas oideachais faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag daoine óga i litearthacht agus in uimhearthacht a fheabhsú. Tabharfaimid faoi:

Caighdeáin náisiúnta maidir le gnóthachtáil daltaí i litearthacht agus in uimhearthacht a fhorbairt chun tacú le múinteoirí i nginiúint agus in úsáid sonraí measúnaithe ar fhoghlaim na ndaltaí	
<ul style="list-style-type: none"> • Caighdeáin náisiúnta ghnóthachtála na ndaltaí le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt ag cúig chéim (ranganna na naíonán, bunscoil shóisearach, bunscoil mheánach, bunscoil shinsearach, meánscoil íseal) agus ag leibhéil oilteachta éagsúla trí <ul style="list-style-type: none"> ○ A chinntiú go léirítear na curaclaim i ndáil le L1 agus matamaitic i dtorthaí foghlama soiléire ○ Samplaí a sholáthar de ghnóthachtáil na ndaltaí chun eolas a chur ar fáil do bhreithiúnais na múinteoirí maidir le gnóthachtáil na ndaltaí aonair • Tascanna agus trialacha a fhorbairt trína bhféadfaidh múinteoirí dul chun cinn a ndaltaí 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i></p> <p>Is tasc taighde suntasach é seo agus d'fhéadfadh go gcaithfí é a choimisiúnú ó institiúid taighde ag obair i gcomhar leis an NCCA agus ROS</p> <p>Spriocdhátaí:</p> <p>Tacaíochtaí agus caighdeáin an Bhéarla (bunscoil) faoi dheireadh 2012</p> <p>Tacaíochtaí agus caighdeáin na Matamaitice (bunscoil) faoi dheireadh 2013</p> <p>Tacaíochtaí agus caighdeáin an</p>

<p>i ndáil leis na caighdeáin náisiúnta a ghnóthú a léirléamh agus a chur in iúl go héasca, go bailí agus go hiontaofa</p>	<p>Bhéarla (iar-bhunscoil) faoi dheireadh 2014 Tacaíochtaí agus caighdeáin na Matamaitice (iar-bhunscoil) faoi dheireadh 2015</p>
--	---

<p>Tacú le múinteoirí agus scoileanna caighdeáin náisiúnta a úsáid chun gnóthachtálacha daltaí a mheasúnú agus a thuairisciú do thuismitheoirí agus boird bhainistíochta</p>	
<ul style="list-style-type: none"> • Caighdeáin náisiúnta agus ionstraimí measúnaithe oiriúnacha a chur ar fáil i bhformáid ar líne do scoileanna • A chinntiú go ndéanann scoileanna measúnú ar ghnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí ag pointí seasta (ranganna na naíonán, bunscoil shóisearach, bunscoil mheánach, bunscoil shinsearach, meánscoil íseal) chun críocha múnlaithreacha agus go gcuireann siad torthaí daltaí aonair in iúl do thuismitheoirí • A chinntiú go gcuireann an príomhoide sonraí comhiomlána maidir le gnóthachtáil daltaí sa scoil in iúl don bhord bainistíochta • Deiseanna um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do mhúinteoirí, príomhoidí agus boird bhainistíochta maidir le léirléamh agus úsáid sonraí gnóthachtála chun eolas a chur ar fáil le hagaidh teagaisc agus foghlama • Eolas ar líne agus eile a sholáthar do thuismitheoirí faoi na caighdeáin náisiúnta agus conas dul chun cinn agus riachtanais foghlama a linbh a thuiscint 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS ag obair le NCCA, scoileanna agus eile</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Béarla na bunscoile; 2013-14 Matamaitic na bunscoile; 2014-15 Béarla iar-bhunscoile; 2015-16 Matamaitic iar-bhunscoile; 2016-17</p>

<p>A éileamh ar gach scoil trialacha caighdeánaithe ar léitheoireacht agus matamaitic a chur chun feidhme ag pointí seasta, torthaí a thuairisciú do thuismitheoirí agus do bhoird bhainistíochta, agus na torthaí a úsáid chun eolas a chur ar fáil d'fhéinmheasúnú agus d'fheabhsú scoile</p>	
<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go ndéantar measúnú ar dhaltaí ag 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh</i></p>

<p>deireadh an dara, an cheathrú agus an séú rang sa bhunscoil agus ag deireadh na dara bliana san iar-bhunscoil, ag úsáid trialacha ghnóthachtála caighdeánaithe na litearthachta agus na huimhearthachta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Éileamh ar scoileanna tuairisc shoiléir a thabhairt do thuismitheoirí (trí thuarascálacha scoile agus agallaimh thuismitheoirí agus mhúinteoirí) i ndáil le conas atá ag éirí lena leanbh i gcomparáid le gnáthleibhéal na leanaí eile den aois chéanna • Éileamh ar phríomhoidí sonraí measúnaithe comhiomlána ó thrialacha caighdeánaithe ar litearthacht agus uimhearthacht a thuairisciú do bhoird bhainistíochta go bliantúil • Comhairle agus treoir a sholáthar do scoileanna maidir le conas is féidir sonraí measúnaithe caighdeánaithe a anailísiú chun tacú le féinmheasúnú scoile agus leagadh amach spriocanna 	<p><i>seo:</i> ROS agus scoileanna</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> 2011-12</p>
--	---

<p>Sonraí náisiúnta ar ghnóthachtáil daltaí a bhailiú ag úsáid trialacha caighdeánaithe, agus sonraí a sholáthar do scoileanna chun cur ar a gcumas feidhmíocht chomparáideach a ndaltaí a mheasúnú in aghaidh treochtaí agus caighdeán náisiúnta</p>	
<ul style="list-style-type: none"> • Sonraí comhiomlána ar ghnóthachtáil daltaí i dtrialacha caighdeánaithe a bhailiú (le haghaidh deireadh an dara rang, an cheathrú rang, an séú rang, na dara bliana san iar-bhunscoil) ó gach scoil • Sonraí náisiúnta a anailísiú agus meicníocht ar líne a sholáthar chun cur ar chumas scoileanna aonair aiseolas a ghnóthú a cheadódh dóibh a gcaighdeán a thagarmharcáil in aghaidh norm do scoileanna cosúla agus spriocanna le haghaidh feabhsuithe a leagadh amach (.i. fianaise mheasúnaithe ó <i>Scoileanna Cosúil Lenár Scoileanna</i>) • Éileamh ar phríomhoidí tuairisc a thabhairt don bhord bainistíochta maidir le feidhmíocht 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> Institiúid roghnaithe thar ceann ROS; scoileanna</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Béarla na bunscoile; 2014 Matamaitic na bunscoile; 2015 Béarla iar-bhunscoile; 2016 Matamaitic iar-bhunscoile; 2017</p>

<p>chomparáideach de chuid daltaí na scoile in aghaidh treochtaí náisiúnta chomh maith le caighdeáin i scoileanna i gcomhthéacsanna comhchosúla ag úsáid sonraí <i>Scoileanna Cosúil Lenár Scoileanna</i></p>	
---	--

Sonraí comhiomlána náisiúnta ar ghnóthachtáil daltaí i litearthacht agus uimhearthacht a úsáid chun tacú le féinmheasúnú scoile, cigireacht scoile agus feabhsú scoile

<ul style="list-style-type: none"> • Deiseanna um forbairt ghairmiúil leanúnach agus eolas a sholáthar do mhúinteoirí agus boird bhainistíochta ar úsáid na sonraí comhiomlána ó thrialacha caighdeánaithe (<i>Scoileanna Cosúil Lenár Scoileanna</i>) i bhféinmheasúnú scoile: cur ar chumas múinteoirí machnamh a dhéanamh ar thionchar a gcuid straitéisí agus idirghabhálacha teagaisc agus foghlama maidir le forbairt scoileanna litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí • Éileamh ar scoileanna plean trí bliana a chur i bhfeidhm chun caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta a chur chun cinn agus a fheabhsú, ina mbeadh spriocanna sonracha leagtha amach agus gníomhartha sonracha sainithe • Sonraí comhiomlána ó thrialacha caighdeánaithe a úsáid <i>mar ghné amháin</i> den fhianaise a úsáidtear chun tacú leis an bpróiseas cigireachta (mar shampla, i bpleanáil chigireachta; le linn an phróisis chigireachta; i sainaitheint an dea-chleachtais; agus i ndírú ar scoileanna nach bhfuil ag feidhmiú go maith • A chinntiú go ndéanann cigireachtaí de chineál scoile uile measúnú agus tuairisciú ar chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta i scoileanna, lena n-áirítear measúnú ar leagadh amach spriocanna na scoile agus ar fheabhsú sna réimsí seo, agus ar chur chun cinn litearthachta agus uimhearthachta ar fud an churaclaim in iar-bhunscoileanna 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS (i gcomhar leis an institiúid thuas) agus scoileanna</p> <p>Rialacháin/comhairle maidir le comhlíonadh le measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le cur chun cinn ag ROS</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Ó 2012</p>
--	--

<ul style="list-style-type: none"> • Tuairisc a thabhairt ar threochtaí gnóthachtála náisiúnta i litearthacht agus uimhearthacht ag gach ceann de na ceithre céimeanna ag baint úsáide as sonraí maidir le <i>Scoileanna Cosúil Lenár Scoileanna</i> • Páirt a ghlacadh i suirbhéanna idirnáisiúnta cosúil le PISA, PIRLS agus TIMSS chun cur ar chumas gnóthachtáil na ndaltaí a thagarmharcáil in aghaidh caighdeáin idirnáisiúnta ag leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile • Na <i>Measúnuithe Náisiúnta ar Léitheoireacht agus ar Mhatamaitic</i> a chur i gcrích agus a fhoilsiú (bunaithe ar shampla eolaíoch scoileanna) ar bhonn ceithre bliana • Éileamh ar gach scoil comhoibriú nuair a iarrtar orthu le haon suirbhé idirnáisiúnta faofa nó coimisiúnaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna 	
--	--

Dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar eispéireas foghlama an linbh sa bhliain réamhscoile

<ul style="list-style-type: none"> • Measúnuithe píolótacha ar sholáthar réamhscoile a fhorbairt 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ROS</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> Treoircéim mheasúnaithe bunaidh le cur i gcrích in 2012</p>
---	--

7. AG CUR AR CHUMAS TUISMITHEOIRÍ AGUS POBAIL TACÚ LE FORBAIRT LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA NA LEANAÍ

7.1 Tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí agus pobail i ndáil le litearthacht agus uimhearthacht

Tá fianaise shoiléir ann go mbíonn tionchar suntasach ag tacaíocht agus rannpháirtíocht tuismitheora ar ghnóthachtáil oideachais leanaí, go háirithe ar fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta. De bharr nach gcaitheann daltaí ach 15 faoin gcéad dá gcuid ama ar scoil, ní féidir tionchar an bhaile ar fhorbairt agus gnóthú daltaí a mheas faoina luach.

Baineann daltaí níos mó amach nuair a chuireann a dtuismitheoirí suim ghníomhach ina gcuid oideachais, ag tacú leo agus á spreagadh agus ag leagadh amach ionchais arda ach indéanta. Tá rannpháirtíocht tuismitheora ríthábhachtach sna luathbhlianta, go háirithe i bhforbairt scileanna teanga agus scileanna litearthachta agus uimhearthachta éiritheacha na leanaí. Ní hamháin go ndéanann tacaíocht tuismitheora do leanaí óga fíordhifríocht dá gcuid forbartha, ach is féidir léi éifeacht níos mó a bheith aici freisin ná mar a bhíonn ag tosca eile, cosúil le stádas socheacnamaíoch nó gnóthú oideachais an tuismitheora. Léiríonn torthaí ó Mheasúnú Naisiúnta na Matamaitice agus na Léitheoireachta Béarla in 2009 go bhfuil nasc láidir idir thimpeallacht an bhaile agus gnóthachtáil an dalta. Mar shampla, bhain gnóthachtáil ard le líon na leabhar agus na n-acmhainní oideachais sa bhaile fad is a bhain gnóthachtáil íseal le cleachtais cosúil le teilifís i seomra codlata an linbh agus an iomarca ama á chaitheamh ar an idirlíon nó le cluichíocht.

Tá sé riachtanach le haghaidh ratha oideachais a chinntiú go dtuigeann tuismitheoirí agus an pobal níos leithne an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht tuismitheora. Caithfidh gach tuismitheoir a bheith feasach ar ábharthacht na litearthachta agus na huimhearthachta do thodhchaí a leanaí agus ar an éifeacht a bhíonn acu ar fhorbairt oideachais a leanaí. Caithfidh tuismitheoirí, seantuismitheoirí agus baill eile den phobal a bheith ar an eolas i leith conas is féidir leo cur le foghlaim litearthachta agus uimhearthachta leanaí ar bhealach praiticiúil i rith na mblianta réamhscoile agus na luathbhlianta scoile agus tacú le hobair na réamhscoile agus na scoile maidir leis seo. Tá gá freisin le méadú feasachta i measc daoine óga maidir le tábhacht na hinniúlachta i scileanna litearthachta agus uimhearthachta dá gcuid ionchas fostaíochta sa todhchaí i sochaí atá ag éirí níos teicneolaíche agus níos éagsúla

Tá ról an-tábhachtach freisin ag na pobail ina maireann agus ina bhfásann daoine óga aníos i gcothú agus i dtacú le litearthacht agus uimhearthacht. I mórán pobal, tá tionscadail agus tionscnaimh curtha i bhfeidhm chun scoileanna agus pobail a nascadh níos dlúithe le chéile agus chun cur ar chumas daoine sa phobal tacú le foghlaim agus

rannpháirtíocht leanaí sa scoil agus san oideachas. Tacaítear le roinnt de na tionscadail agus tionscnaimh seo trí mhaoiniú deonach, carthanúil agus Stáit agus tá roinnt cur chuige éagsúil glactha ag na tionscadail. Tá sé léirithe ag measúnú a rinne NESF le déanaí ar na tionscadail seo, “cé go bhfuil soláthar an phobail [le haghaidh litearthachta] thar barr, tá inathraitheacht ann freisin,” agus go bhfuil “ceannaireacht, dearbhú cáilíochta agus tacaíocht níos mó” ag teastáil don earnáil seo.

7.2 Gníomhartha chun tacú le tuismitheoirí agus pobail

Tacófar le tuismitheoirí agus le pobail chun cabhrú lena leanaí scileanna litearthachta agus uimhearthachta maithe a fhorbairt. Tabharfaimid faoi:

Feachtas faisnéise náisiúnta a sheoladh chun feachtas ar ról tábhachtach na dtuismitheoirí agus na bpobal i dtacú le foghlaim litearthachta agus uimhearthachta a mhúscailt	
<ul style="list-style-type: none"> • Forbairt a dhéanamh ar fheachtais faisnéise phoiblí náisiúnta eiseacha maidir le tábhacht na litearthachta agus na huimhearthachta aosaí atá maoinithe ag an Roinn agus ag urraitheoirí na hearnála poiblí/príobháidí chun feachtas sprioctha a chruthú a aibhsíonn ról na dtuismitheoirí agus na bpobal i bhfeabhsú litearthachta agus uimhearthachta leanaí, ag baint úsáide as: <ul style="list-style-type: none"> ○ na meáin áitiúla agus náisiúnta ○ acmhainní agus uirlisí ar líne/digiteacha atá nasctha le suímh gréasáin eiseacha, m.sh. www.writeon.ie; ○ formhuinithe ar dhaoine a bhfuil clú orthu i measc an phobail ○ comhordú an fheachtais eolais le soláthar litearthachta aosta na CGOanna 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS</p> <p><i>Spriocdháta tascach:</i> 2012-13</p>

Tacaíochtaí díreacha a sholáthar do thuismitheoirí ionas iad a spreagadh chun tacú le forbairt teanga, litearthachta agus uimhearthachta a gcuid leanaí	
<ul style="list-style-type: none"> • <i>Aistear</i> a úsáid mar chreat an churaclaim, acmhainní a fhorbairt chun eolas tuismitheoirí maidir leis na teicnící ar féidir leo a úsáid chun tacú le forbairt teanga labhartha na leanaí 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS agus Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige i gcomhar le</p>

<p>d'aois 0-6 a leathnú (is do leanaí d'aois 0-6 é <i>Aistear</i>; is féidir le tuismitheoirí é a úsáid agus tá bileoga leide forbartha ag an NCCA do thuismitheoirí cheana féin i ndáil le conas imirt le leanaí)</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bileog/pacáiste eolais a sholáthar do thuismitheoirí ar ghníomhaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta ar féidir leo a úsáid chun tacú le léitheoireacht a linbh ag gach céim • Comhordú a dhéanamh ar dháileadh agus soláthar na n-acmhainní seo in éineacht le soláthar litearthachta aosta na CGOanna agus dírithe orthu siúd a bhfuil an gá is mó acu leis; mar shampla, daoine faoi mhíbhuntáiste agus daoine ar deacair teacht orthu 	<p>NCCA</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> 2012</p>
---	---

A chinntiú go bhforfheidhmítear rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim na leanaí i straitéis teagaisc agus foghlama agus plean forbartha de chuid gach scoil

<ul style="list-style-type: none"> • Socruithe ECCE agus scoileanna a chumasú chun caidrimh oibre éifeachtacha a fhorbairt le tuismitheoirí agus le pobail chun tacú le foghlaim; mar shampla, ba chóir do scoileanna agus socruithe oideachais agus cúraim luathóige: <ul style="list-style-type: none"> ○ luach a chur ar rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim a leanaí, glacadh le bearta gníomhacha chun fáilte a chur roimh gach tuismitheoir, cumarsáid a dhéanamh agus dul i dteagmháil leo m.sh., bealaí a aithint chun tacú le tuismitheoirí agus iad a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfoghlaim a leanaí ○ bearta gníomhacha a ghlacadh chun ionchais tuismitheora a ardú agus cabhrú leo suim mhéadaithe a chur sna caighdeáin a bhaineann a leanaí amach nó ar gá dóibh a bhaint amach ○ deiseanna atá deartha go híogair a sholáthar nó a óstáil do thuismitheoirí chun a gcuid muiníne agus cumais i 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS agus scoileanna</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> 2011-12</p>
--	--

<p>leith cabhrú lena leanaí sa bhaile le litearthacht agus uimhearthacht a mhéadú</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi dheiseanna maidir le páirt a glacadh i gcláir litearthachta bhaile a eagraítear i leabharlanna áitiúla nó á sholáthar ag CGOanna nó grúpaí pobail ● A chinntiú go n-áiríonn an plean litearthachta agus uimhearthachta atá riachtanach i ngach scoil bearta sonracha chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi bhealaí chun tacú le foghlaim a leanaí agus faoi conas tuarascálacha ar dhul chun cinn a linbh ar scoil a thuiscint 	
--	--

Tacú le tionscnaimh eiseacha chun tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta bhaile, scoile agus phobail a nascadh

<ul style="list-style-type: none"> ● Foghlaim ó bhealaí ina bhfuil cláir phíolótacha luath-idirghabhála eiseacha arna thacú ag Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige rathúil chun bacainní ar fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta i bpobail faoi mhíbhuntáiste a shárú ● Leanúint ag tacú le tionscnaimh litearthachta teaghlaigh i bpobail ina bhfuil scoileanna DEIS; maidir le leithdháileadh tacaíochta, tabharfar ord tosaíochta do thionscadail (ag leibhéal na luathbhlianta agus na scoile) a bhfuil measúnú déanta orthu agus a bhfuil sé cruthaithe acu ó na measúnuithe go bhfuil siad éifeachtach 	<p><i>Freagracht as ucht an ghnímh seo:</i> ROS agus Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige</p> <p><i>Spriocdháta táscach:</i> 2012-16</p>
--	--

8. FÓCAS NÁISIÚNTA COMHSHEASMHACH AR ORD TOSAÍOCHTA NA LITEARTHACHTA AGUS NA HUIMHEARTHACHTA SA CHÓRAS OIDEACHAIS AGUS NÍOS FAIDE AR AGHAIDH

8.1 Ní mór go mbeimis gan staonadh inár bhfócas ar litearthacht agus uimhearthacht

Leagann an cháipéis seo amach spriocanna uailmhianacha agus réimse tionscnamh chun na caighdeáin náisiúnta i litearthacht agus in uimhearthacht a fheabhsú. Is dúshlán an-suntasach é na haidhmeanna leagtha amach anseo a bhaint amach, go háirithe nuair atá acmhainní poiblí teoranta. Beidh comhoibriú suntasach agus iarracht roinnte idir mhórán grúpaí agus comhlachtaí éagsúla ag teastáil chun na haidhmeanna seo a bhaint amach: múinteoirí, ceannairí agus bainistíocht na scoile, tuismitheoirí agus pobail na scoile, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus a gníomhaireachtaí, Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus comhlachtaí Stáit eile chomh maith le grúpaí deonacha. Beidh gá le fócas gan staonadh ar litearthacht agus uimhearthacht sa chóras oideachais agus níos faide ar aghaidh chun caighdeáin náisiúnta a fheabhsú sa bhealach seo.

8.2 Ag maoirsiú an phlean

Ceapfaidh an tAire dá chomhlacht chun tacú le cur chun feidhme gníomhartha an phlean seo; Grúpa Forfheidhmithe Náisiúnta na Litearthachta agus Uimhearthachta agus Fóram Náisiúnta na Litearthachta agus Uimhearthachta.

Beidh Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna ina chathaoirleach ar Ghrúpa Forfheidhmithe Náisiúnta na Litearthachta agus Uimhearthachta agus cuimseoidh sé saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ghnóthú agus measúnú litearthachta agus uimhearthachta ó chúlraí taighde, teagaisc agus oideora múinteora, agus oifigigh shinsearacha ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ó chomhlachtaí reachtúla ábhartha.

Tabharfaidh Grúpa Forfheidhmithe Náisiúnta na Litearthachta agus Uimhearthachta faoi:

- próiseas comhairliúcháin náisiúnta ar an bPlean Litearthachta agus Uimhearthachta a mhaoirsiú agus Plean deiridh a fhorbairt
- cur chun feidhme na dtionscnamh sa Phlean a mhaoirsiú
- coimisiúnú ar thaighde agus forbairt na gcaighdeán náisiúnta don litearthacht agus uimhearthacht, measúnuithe gaolmhara agus meicníochtaí tuairiscithe a mhaoirsiú

- monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí na dtionscnamh agus iad a cheartú mar is cuí agus i gcomhthéacs na n-acmhainní chun feabhsú uasta a chinntiú
- tuairisciú go rialta don Aire Oideachais agus Scileanna
- dul i gcomhairle go rialta le geallsealbhóirí trí Fóram Náisiúnta na Litearthachta agus Uimhearthachta.

Soláthróidh Fóram Náisiúnta na Litearthachta agus Uimhearthachta, faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna, fóram do Ghrúpa Forfheidhmithe Náisiúnta na Litearthachta agus Uimhearthachta bualadh le chéile agus ionchur a fháil ó ionadaithe de chumann náisiúnta daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí, oideoirí múinteoirí agus bainistíocht scoile, comhlachtaí ardoideachais, lucht gnó agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus ionadaithe na dtionscnamh oideachais phobail agus teaghlaigh.

9. AN CHAOI INAR FÉIDIR LEATSA IONCHUR A DHÉANAMH SA PHLEAN SEO

9.1 Tá do chuid moltaí de dhíth orainn

Tá do chuid moltaí agus ráitis i ndáil leis an dréachtphean seo a fheabhsú ag teastáil uainn. Scrúdóidh an Grúpa Forfheidhmithe Náisiúnta, a chuirfear ar bun chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt an phean agus a fhorfheidhmiú, do chuid moltaí go cúramach.

9.2 Ag déanamh do chuid moltaí

Teastaíonn uainn do chuid moltaí ar an ndrúachtphean a fháil faoi 31 Eanáir 2011. Féadfaidh tú do mholtaí agus ráitis a sheoladh:

trí mheán rphoist chuig:

literacynumeracy@education.gov.ie

i scríbhinn chuig:

An Rúnaí

Grúpa Forfheidhmithe Náisiúnta na Litearthachta agus Uimhearthachta

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Sráid Maoilbhríde

Baile Átha Cliath 1

trí theachtaireacht a fhágáil ar ár líne ráitis tiomanta:

01-889 6768

9.3 Cruinnithe comhairliúcháin na ngeallsealbhóirí

Tá sé beartaithe cruinnithe comhairliúcháin a reáchtáil faoin bpean le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta le grúpaí geallsealbhóra go luath in earrach na bliana 2011 ionas gur féidir an phean a thabhairt chun críche a luaithe agus is féidir.